



# PRESIDENT'S ANNUAL REPORT

OCTOBER TO SEPTEMBER  
2012 / 2013



Ollscoil Chathair Bhaile  
Átha Cliath

## Fís

Faoi 2017, beidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath aitheanta ar bhonn idirnáisiúnta mar Ollscoil Fiontraíochta diantaighde, atá gníomhach ar fud an domhain agus a idirdhealaítear trí cháilíocht agus tionchar a céimithe agus trína fócas ar eolas a aistriú isteach i dtairbhe shochaíoch agus eacnamaíoch.

## Misean

Saolta agus sochaithe a bhunathrú chun feabhais trí oideachas, taighde agus nuálaíocht

- trí shaoránaigh chruthaitheacha, anailíseacha, fhiontracha a bheidh freagrach ón taobh sóisialta de a fhorbairt
- trí eolas a chruthú agus a aistriú chun aghaidh a thabhairt ar na mórdhúshláin dhomhanda
- trí dhíospóireacht phoiblí a threorú agus trí anailís chriticiúil a chur ar fáil maidir le réimsí um thábhacht shochaíoch agus
- trí bheith rannpháirteach leis an bhfiontraíocht chun tairbhe ár mac léinn, ár réigiúin agus an gheilleagair i gcoitinne

## Luachanna

- Táimid tiomanta don sármhaitheas san oideachas, sa taighde agus sa nuálaíocht
- Cuirimid timpeallacht thacúla foghlama atá mac léinn-lárnach ar fáil
- Aithnímid go bhfuil an méid atá bainte amach againn forbartha ar shaineolas agus ar thiomantas ár bhfoirne
- Spreagaimid cuimsiú sóisialta agus éagsúlacht
- Táimid tiomanta do thionchar dearfach a bheith againn ar ár bpobail áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda
- Is ollscoil eiticíúil, chuntasach agus trédhearcach muid inár n-oibríochtaí.

*Ag Cur Bunathrú chun Feabhais ar Shaolta agus ar Shochaithe, 2012-2017*

# CLÁR NA nÁBHAR

1.	Fáilte an Uachtaráin.....	02
2.	Dámhachtainí agus Gradaim.....	05
3.	Rath agus Tionscnaimh na Mac Léinn .....	09
4.	Taighde & Nuálaíocht .....	13
5.	Ollscoil Fiontraíochta.....	19
6.	Rannpháirtíocht Dhomhanda.....	23
7.	Tionchar a Bheith Againn .....	27
8.	Éachtaí Spóirt .....	31
9.	Forbhreathnú ar an Ollscoil .....	35
	Rialachas agus Ceannaireacht.....	36
	Tuarascáil Airgeadais na hOllscoile.....	38
	Líon na Mac Léinn.....	40
	Forbairtí ar an gCampas .....	41
10.	Srachfhéachaint ar an mBliain.....	42

---

# FÁILTE AN UACHTARÁIN



Tugann sé pléisiúr dom Tuarascáil Bhliantúil 2012/13 a chur i do láthair. Sa tuarascáil seo taifeadtar a lán d'fhorbairtí agus d'eachtaí eisceachtúla ár bhfoirne agus ár mac léinn araon, i rith na bliana seo caite I misean Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 'Ag Cur Bunathrú chun Feabhais ar Shaolta agus ar Shochaithe', léirítear ár bhfócas agus ár dtiomantas maidir lenár bhfreagrachtaí dár mac léinn, don tsochaí agus don gheilleagar a sheachadadh. In ainneoin na dúshlán leanúnach ar an ngeilleagar atá ag streachailt agus thionchar na mbuiséad laghdaithe ar chóras ardoideachais na hÉireann, tá sé follasach ón tuarascáil seo go bhfuil Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an-bhródúil as mic léinn den chaighdeán is airde a chur amach, ní i dtéarmaí sármhaitheasa acadúla amháin ach i dtéarmaí a ullaimhe atá siad lena n-acmhainneacht phearsanta mar shaoránaigh an 21ú haois a chomhlíonadh.

Cuireadh bonn taca faoinár ngníomhaíochtaí agus faoinár dtosaíochtaí go léir le 12 mhí anuas lenár bplean straitéiseach cúig bliana a lainseáladh anuraidh. Tá uailmhian fite fuaite i 'Ag Cur Bunathrú chun Feabhais ar Shaolta agus ar Shochaithe, 2012-2017', agus tagann sé le dinimiceas, sprid fiontraíochta agus nuálaíocht Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Forbartha thart ar cheithre phríomhphrionsabal - Bunathrú chun Feabhais, Aistriúchán, Fiontraíocht agus Rannpháirtíocht - leagtar amach sa Phlean Straitéiseach ní amháin an dóigh a mbeidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag súil le hathrú ach an dóigh a nglacfaidh sí leis go fonnmhar.

Bhí ríméad orainn i mbliana a bheith rangaithe i measc na 50 ollscoil óg is fearr sa domhan ar fud an domhain. Tháinig Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa 46ú áit i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS 'An 50 is fearr faoi 50', ina sárthaispeántar príomh-ollscoileanna na chéad ghlúine eile, iad ar fad bunaithe ó bhí 1962 ann.

Rinneadh a lán forbairtí suntasacha ar son Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa spás nuálaíochta. D'osclaíomar ár gCampas Nuálaíochta úr ar láithreán 9.5 acra gar don Ollscoil. Táthar ag súil le grúpa mór cuideachtaí, in earnáil na teicneolaíochta glaine den chuid is mó, a óstáil sa Champas Nuálaíochta. Bhunaíomar UStart, clár an-nuálach, agus an chéad chlár um luathú gnólachtaí nuathionscanta do mhic léinn in Éirinn. Tairgtear spás tuairimí, maoiniú agus tacaíocht do mhic léinn in UStart chun a bhfontair féin a thosú. D'fhorbair Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Acadamh uí Riain um Fiontraíocht, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath clár máistreachtá úr sa Nuálaíocht don Fiontraíocht Shóisialta. Rinneamar Gradaim bhliantúla an Uachtaráin a leathnú chomh maith trí Ghradaim an Uachtaráin don Nuálaíocht a bhunú. Urraithe ag Fujitsu, tá sé beartaithe leis an scéim gradam nuálaíochta a spreagadh agus luach saothair a thabhairt ina leith ar fud champas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ar bhonn idirnáisiúnta, treisíodh cáil Ollscoil

Chathair Bhaile Átha Cliath nuair a bhí sí ar cheann de dhá ollscoil Eorpacha amháin a d'ainmnigh Ashoka mar Champas Athraitheora. Bronntar an t-ainmniú mór le rá seo ar phríomh-institiúidí san oideachas nuálaíochta sóisialta, mar aitheantas ar a n-iarrachtaí chun an nuálaíocht shóisialta a neadú mar phríomhluach ar fud a gcampas. Tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar cheann de 30 institiúid ar fud an domhain atá aitheanta mar Champas Athraitheora.

I bhforbairt comhpháirtíochta idirnáisiúnta a bhí an-suntasach, bhunaigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Stát Arizona (ASU) an Chomhpháirtíocht Thrasatlantach um Ardoideachas, forbartha ar luachanna comhroinnte na nuálaíochta, na fiontraíochta, na foghlama le cuidiú na teicneolaíochta agus an taighde agus na fionnachtana. Baineann an Chomhpháirtíocht leas as ár gcomhar fadtéarmach seacht mbliana le ASU agus neartaíonn sí é.

In mí na Samhna, lainseáladh an Tionscnamh Ollscoile a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Rinne an Taoiseach, Enda Kenny TD, cur síos air mar 'thionscnamh fíorcheannródaíoch', tá an Tionscnamh Ollscoile a Thacaíonn le Daoine Breacaosta ar an gcéad cheann dá chineál ar domhan. Is é is aidhm leis béim a leagan ar an ról luachmhar a d'fhéadfadh ollscoileanna a bheith acu i bhfreagairt do na deiseanna agus na dúshlán ilghnéitheacha a bhaineann le déimeagrafaíocht atá ag dul in aois. Trí lainseáil mar Ollscoil a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, tá treo straitéiseach á socrú againn don Ollscoil chun freagairt d'athruithe déimeagrafacha trinár gclár oibre taighde, forbairt curaclaim, rannpháirtíocht leis an bpobal aosaithe agus trína caidreamh lena dámh, a foireann agus a mic léinn féin.

Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh líon cuairteoirí iomráiteacha ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mbliana. I mí na Nollag, thug Rúnaí Stáit SA, Hillary Rodham Clinton, spreagaitheasc maidir le cearta an duine ar a dtugtar "*Frontlines and Frontiers: Making Human Rights a Human Reality*". Ina theannta sin, lainseáil sí Institiúid úr na hOllscoile um Réiteach na Coinbhleachta Idirnáisiúnta agus Atógáil. Chuireamar fáil roimh an Ollamh Mario Molina, buaiteoir Dhuais Nobel 1995, a sheachaid léacht bhuaiteoir Dhuais Nobel Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath 2012. Bhain an tOllamh Molina clú agus cáil amach as bagairt na gClórafluoracarbón (CFCanna) ar an gciseal ózón a thabhairt chun suntais. Ba bhliain ghnóthach í

chomh maith do shearmanais bhronnta oinigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus bronnadh dochtúireachtaí ar cheathrar daoine aonair ar fheabhas, an Bráthair Colm O'Connell, John E Kelly III, Brian O'Dwyer agus John Fitzpatrick. Bhí buaiteoir an Bhoinn Óir Oilimpigh, David Rudisha, ag an searmanas don Bhráthair O'Connell, agus chuir sé sin gné eile scleondair leis do gach duine a bhí i láthair. Bhí sé ina onóir ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chomh maith Uachtarán na hÉireann, Michael D Higgins a óstáil ar dhá ócáid ar leith.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann agus lenár mic léinn den scoth ar chuir a n-obair chrua, a dtiomantas agus a sprid nuálach go suntasach leis an rath agus leis an méid a baineadh amach le bliain anuas. Ní léirítear sa tuarascáil ach roinnt bheag de na rudaí sin a baineadh amach - tá a lán eile ann a d'fhéadfainn a lua chomh maith. Thar ceann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ba mhaith liom ár mbuíochas a léiriú dár dtacadóirí, dár n-iontaobhaithe, do na Alumni agus dár gcairde, a oibríonn an-chrua thar ceann na hOllscoile.



# GRADAIM ONÓRACH



## BRONNANN OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH GRADAIM OINIGH AR CHEATHRAR DAOINE AR LEITH

I mbliana, bhí sé de phléisiúr ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Gradaim Dochtúireachta oinigh a bhronnadh ar cheathrar daoine aonair ar leith.

I mí Dheireadh Fómhair, bronnadh Dochtúireacht oinigh Fealsúnachta ar an mBráthair Colm O'Connell, misinéir Éireannach atá bunaithe in Iten, an Chéinia. Chuaigh an Bráthair Colm, ball d'ord na misinéireachta Paitrígh, isteach in Ardscoil Naomh Pádraig in Iten i 1976, mar mhúinteoir tíreolaíochta. Sé bliain is tríocha ina dhiaidh sin, tá cónaí air fós in Iten agus i ndiaidh dó cúigear buaiteoirí Bonn Óir Oilimpigh agus 25 curadh domhanda as an gCéinia a chothú anuas trí na blianta, tá sé aitheanta mar an gcóitseálaí is rathúla ar domhan don rith seasmhachta. Leis an bhfíor-ardmheas atá ar an mBráthair Colm, chuaigh an Buaiteoir Bonn Óir 800m Londain 2012 agus an fear curiarrachta domhanda, David Rushida, in éineacht leis an mBráthair Colm agus a theaghlach go hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath don searmanas.

I mí na Samhna, bhí an Dr John E Kelly III, Leas-Uachtarán Sinsearach agus Stiúrthóir Taighde IBM, ar an dara duine ar bhronnamar Dochtúireacht oinigh Fealsúnachta air i mbliana. Bhí gairm fhada agus chéimiúil ag an Dr Kelly in IBM ar feadh breis is 40 bliain.

I searmanas bronnta dúbailte speisialta bhronn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath dochtúireachtaí oinigh ar bheirt phríomhphearsa sa phobal Éireannach-Mheiriceánach i Nua Eabhrach, Brian O'Dwyer, dlíodóir Éireannach-Mheiriceánach, brústocaire ar chearta inimirce agus comhairleach don Uachtarán Bill Clinton ar cheisteanna Éireannacha, agus John Fitzpatrick, óstlannaí agus daonchara. Bronnadh an gradam Dochtúireacht Fealsúnachta, honoris causa, ar an mbeirt fhear, mar aitheantas ar a n-iarrachtaí marthanacha le feabhas a chur ar shaolta daoine eile, idir obair a dhéanamh le Ciste Éireann Mheiriceá, athchóiriú inimirce, leas do sheanáoirí agus a gcuid ama agus a gcuid acmhainní a thabhairt do chúiseanna carthanúla in Éirinn.



*Seansailéir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Dr Martin McAleese, an Dr John E Kelly III agus Uachtarán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an tOllamh Brian MacCraith*



*An Dr Brian O'Dwyer agus an Dr John Fitzpatrick*



## BLIAIN D'ÉACHTAÍ DEN SCOTH DÉANTA AG AN bhFOIREANN AGUS NA MIC LÉINN

Ó thaighde agus nuálaíocht, go teagasc agus foghlaim agus rannpháirtíocht, ba bhliain iontach a bhí sa bhliain seo d'éachtaí a rinne foireann agus mic léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Bronnadh GRADAIM AN UACHTARÁIN DO THAIGHDE ar an Dr Dorothy Kenny, Scoil na dTeangacha Feidhmeacha agus an Léinn Idirchultúrachais agus ar an tOllamh Greg Hughes, Scoil na nEolaíochtaí Fisiceacha. Fuair an Dr Kenny an Gradam do na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta as an méid suntasach a chuir sí le forbairt an staidéir aistriúcháin ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta. Fuair an tOllamh Greg Hughes an Gradam don Eolaíocht agus don Innealtóireacht as an méid suntasach a chuir sé le forbairt na heolaíochta dromchla trialaí mar phríomhréimse taighde laistigh d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus as an obair a rinne sé le déanaí ar an staidéar ar chisil idirleata agus ar speictreascópacht fhótaileictreonach x-ghanna ardfhuinnimh, an dá rud do ghléasanna micrileictreonaice na chéad ghlúine eile.



*C go D: An tOllamh Brian MacCraith, An tOllamh Greg Hughes, an Dr Dorothy Kenny agus an Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta, an tOllamh Alan Harvey*

I nGRADAIM AN UACHTARÁIN DON CHOMHPHÁIRTEACHAS POIBLÍ aithnítear an comhpháirteachas ar fheabhas leis an bpobal áitiúil maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheistanna sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha nó comhshaoil. Bronnadh gradam na catagóire foirne i mbliana ar an Dr Adam McAuley, an Scoil Dí agus Rialtais, mar aitheantas ar a chuid oibre mar chomhordaitheoir modúil don tionscnamh 'Placement: Law in Society'. Ba iad cúigear mac léinn céad bliana sa Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Sóisialta na buaiteoirí i gcatagóir na Mac Léinn, mar aitheantas ar a socrúchán deonach le grúpaí imeallaithe.

Ag searmanas tionscnaimh GHRADAIM AN UACHTARÁIN DON NUÁLAÍOCHT, ba iad aip fón póca chun cuidiú le siopadóirí lagamhairc, uirlis dhiagnóiseach chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar ghalar cairdiach agus córas féinseirbhíse párolla ar líne na nuálaíochtaí cruthaitheacha a bhuaigh Gradaim an Uachtaráin don Nuálaíocht, a bhí urraithe ag Fujitsu.



Bhronn Regina Moran, POF Fujitsu Ireland agus an tOllamh Brian MacCraith na gradaim ar Kaylee Cherry, mac léinn ina bliain dheireanach in Innealtóireacht na Meán Digiteach, do Scandroid, aip Android a scanann barrchóid a dearadh chun cuidiú le siopadóirí lagamhairc agus dalla; Stephen Hearty, Barry McDonnell agus Richard O'Kennedy ó Institiúid um Dhiagnóis Bhitheighis Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a chomhoibrigh leis an gcomhpháirtí tionscail, Biosurfit, chun innealtóireacht a dhéanamh ar an bpróitéin C-imoibríoch antasubstaine (CPR), bithchomhartha cairdiach lena mbeifear ábalta measúnú níos gaiste a dhéanamh ar ghalar cairdiach ag an bpointe cúraim agus Sheila Bridgeman, ó Oifig Airgeadais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a bhuaigh gradam as 'My Payroll Self-Service' trína seachadtar faisnéis ar phá agus ar cháin go sábháilte do dheasca foirne, rud a mbeidh éifeachtúlacht costais agus tionchar dearfach timpeallachta mar thoradh air trí dheireadh a chur le duillíní pá páipéir.

### Bronnadh GRADAIM AN UACHTARÁIN DO SHÁRMHAITHEAS SAN FHOGHLAIM AGUS SA TEAGASC faoi chúig chatagóir

- Catagóir na Tacaíochta Teagaisc
- Catagóir an Léachtóra/Teagascóra Úir
- Gradam Speisialta do Chuir Chuige um Theagasc Saintréitheach
- Gradam Speisialta do Mheasúnú agus d'Aiseolas Saintréitheach
- An Chatagóir Acadúil Fhoriomlán



Ba iad buaiteoirí na bliana seo an tUasal Billy Roarty, Scoil na hInnealtóireachta Leictreonaí - Tacaíocht Teagaisc; an Dr Jenny Lawler, an Scoil Bhiteicneolaíochta - Léachtóir/Teagascóir Úr; an Dr Briege Casey, an Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Sóisialta - Gradam Speisialta do Chuir Chuige um Theagasc Saintréitheach; An Dr Claire Gubbins, Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath - Gradam Speisialta do Mheasúnú agus Aiseolas Saintréitheach agus an tOllamh Marann Byrne, Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath - An Chatagóir Acadúil Fhoriomlán.

### ARDGHRADAM FULLBRIGHT DON DR CLAIRE GUBBINS

Bronnadh Scoláireacht Fullbright ar an Dr Claire Gubbins, Léachtóir sa Ghrúpa um Bainistíocht Acmhainní Daonna agus um Shíceolaíocht Eagrúcháin. Déanfaidh sí taighde ar chleachtais um bainistíocht eolais neamhinste agus ar lucht tionchair sa tionscal ag Carnegie Mellon University.



An tUasal Jim Dowling, Leas-Uachtarán agus an Dr Claire Gubbins

### AN GRADAM EORPACH UM CHUMARSÁID SA CHÚRAM SLÁINTE DON DR VERONICA LAMBERT, AN SCOIL ALTRANAIS AGUS EOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Bronnadh Gradam Jozien Bensing ar an Dr Veronica Lambert as taighde éirimiúil luathghairme ó gCumann Eorpach um Chumarsáid sa Chúram Sláinte (EACH). Ba é sin an chéad uair a bronnadh an gradam seo ar altra agus aithnítear leis taighde den scoth Veronica sa chumarsáid chliniciúil. Rinne Veronica, a thugann léachtaí in Altranais Leanaí agus Altranais Ginearálta, a tráchtas PhD 'Visible-ness', ar an gcineál cumarsáide a bhíonn ann idir leanaí agus gairmithe sláinte in ospidéal speisialaithe leanaí, ó dhearcadh na leanaí de.

### BRONNANN RIALTAS NA FRAINCE CHEVALIER DES PALMES ACADEMIQUES

Rinne Rialtas na Fraince an Dr Brigitte Le Juez, Scoil na dTeangacha Feidhmeacha agus an Léinn Idirchultúrachais, a onóru mar "Chevalier dans l'Ordre des Palmes Académiques". Bhunaigh an tImpire Napoléon Ordre des Palmes Académiques (Ord Niachais na Fraince) chun comhaltáí suntasacha Ollscoil Pháras a onóru. Aithníonn ord náisiúnta na Fraince seo acadóirí móra le rá chomh maith le pearsana cultúrtha agus oideachais.


# RATH AGUS TIONSCNAMH NA MAC LÉINN



## TUGANN BUAITEOIR DHUAIS NOBAL RABHADH FAOI DHAINSEÁR AN ATHRAITHE AERÁIDE

“Is é an tAthrú Aeráide an fhadhb is tábhachtaí atá le sárú ag an tsochaí.” Is é sin tuairim an Ollaimh Mario Molina a thug léacht Buaiteoir Dhuais Nobel de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mbliana, mar chuid dár Sraith Léachtaí Bhuaiteoir Dhuais Nobel arna urrú ag Magnet Networks. Buaiteoir Dhuais Nobel 1995 sa Cheimic is ea an tOllamh Molina, a bhain clú agus cáil amach as bagairt na gClórafluoracarbón (CFCanna) ar an gciseal ózóin a thabhairt chun suntais. Díríonn sé ina thaighde anois ar an athrú aeráide agus ar thruailliú aeir.

Agus aitheasc á thabhairt aige ar lucht éisteachta mór de mhic léinn an dara leibhéal agus an tríú leibhéal san Helix, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus trí chraoladh beo dá léachta ar aertv.ie, thug an tOllamh Molina rabhadh go raibh laghdú ag teacht ar chumas na Cruinne dramhaíl a ionsú ó ghníomhaíochtaí an duine, atá ag dul i méid. “Tá athrú tagtha nó tá dochar déanta ag gníomhaíocht an duine do leath de dhromchla ár mór-ranna cheana. Ní hé an t-atmaisféar atá teoranta, ach cumas an atmaisféir dramhaíl a ionsú ó ghníomhaíochtaí an duine, gan iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann.”



Tugann an tOllamh Mario Molina léacht Bhuaiteoir Dhuais Nobel Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

## MEABHRÁN TUISCEANA SÍNITHE LE HOIDEACHAS LE CHÉILE

I mí Aibreáin shínigh an tUachtarán, an tOllamh Brian MacCraith agus an tUasal Paul Rowe, PO F Oideachas le Chéile (*Educate Together*), meabhrán tuisceana ag comóradh comhair idir an dá institiúid. Ag labhairt ag an síniú oifigiúil, mhól an stiúrthóir David Puttnam, a bhfuil gradaim Oscar buaite aige agus ar seaimpín digiteach na hÉireann é, an tionscnamh úr idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Oideachas le Chéile lena bhforbrófar cineálacha cur chuige úra nuálacha i leith oideachas múinteoirí ar an mbunleibhéal agus ar an dara

leibhéal agus tá an fhéidearthacht ann chun é a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chomhoibrigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Oideachas le Chéile ar fhorbairt agus ar mheasúnú Foghlaim le Chéile (*Learn Together*), curaclam oideachas eiticúil a thacaíonn le forbairt mhorálta, spioradálta agus eiticúil an linbh. I bhfisteachtaireacht chuig aíonna ag síniú an Mheabhráin Tuisceana, dúirt an tAire Oideachais agus Scileanna, an tUasal Ruairí Quinn, T.D. gur forbairt an-dearfach a bhí sa Mheabhrán Tuisceana agus muid ag ullmhú an tseomra ranga don 21ú haois agus don todhchaí.



C go D: An tUasal Paul Rowe, an Tiarna David Puttnam agus an tOllamh Brian MacCraith

## SOCRÚCHÁIN ARDGRADAIM BRONNTA AR MHIC LÉINN OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH LE SAOTHARLANNA TAIGHDE IBM, AN BHRASAÍL

Thairg IBM Ireland, i gcomhar le IBM Research Brazil, an deis do bheirt thaighdeoirí óga ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun deich seachtaine a chaitheamh i rith mhíonna an tsamhraidh ag saotharlanna IBM Research Brazil i Rio de Janeiro. Tairgeadh na socrúcháin ardgradaim sin do thaighdeoirí luathghairme roimhe seo, faoina gClár Ollscoile Domhanda, dóibh siúd a raibh taighde á dhéanamh acu ag ollscoileanna éilíte i SAM. Toisc gurb í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an chéad ollscoil lasmuigh de Mheiriceá Thuaidh atá ag comhoibriú le IBM ar an dóigh seo léirítear caidreamh láidir idir an chuideachta agus an Ollscoil. Is iad an bheirt thaighdeoirí óga ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Nina Hanzlíkova, sa Lárionad Náisiúnta um Eolaíocht agus Teicneolaíocht Plasma, agus Lijuan Marissa Zhou, in CLARITY. Cuirtear fáilte roimh an tionscnamh seo mar chéim an-luachmhar ó thaobh caidreamh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le IBM a neartú trína bheith páirteach i dtaighde dochtúireachta.

## DÉANANN MIC LÉINN OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH IONADAÍOCHT AR SON NA HÉIREANN I gCOMÓRTAS DOMHANDA ENACTUS 2012

Ba é foireann mac léinn ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an chéad fhoireann le hionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann i gComórtas Domhanda Ardghadaim ENACTUS (a dtugtaí SIFE air roimhe seo - Mic Léinn sa tSaorfhiontraíocht). Thaisil Daithí de Buitléir, Ronan O Dálaigh, Sallyanne Downes, Evelyn Boyle, Hannah Dobson agus Paul Gillick go Washington D.C. i nDeireadh Fómhair chun dul san iomaíocht le foirne ollscoile ó 38 tír don Chomórtas Domhanda ENACTUS 2012.

Bunaíodh SIFE sna Stáit Aontaithe i 1975, mar eagraíocht sheachbhrabúis idirnáisiúnta, chun mic léinn ollscoile a spreagadh chun difríocht dhearfach a dhéanamh dá bpobail, agus na scileanna a theastaíonn le bheith ina gceannairí gnó den todhchaí a bheidh freagrach ón taobh sóisialta de a fhorbairt. Chun cáiliú le hionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag ENACTUS 2012, chuaigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath san iomaíocht i gcoinne foirne ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath chun comórtas tionscnaimh SIFE na hÉireann a bhuachan.

## ROCHTAIN OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Lainseáil Irish Distillers Pernod Ricard dhá scoláireacht ceithre bliana, i gcomhpháirtíocht le Clár Rochtana Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i gcuimhne ar iar-POF agus iar-Chathaoirleach Pernod Ricard, Patrick Ricard. Leis na scoláireachtaí, ar a dtugtar scoláireachtaí Patrick Ricard agus Irish Distillers faoi seach, soláthrófar rochtain ar an ardoideachas do mhic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Gach bliain de na ceithre bliana le teacht, soláthróidh Irish Distillers scoláireachtaí ceithre bliana iomlána do bheirt mhac léinn as Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Cuirfear socrúchán taithí oibre samhraidh ar fáil do gach faighteoir scoláireachta gach bliain laistigh de Irish Distillers Pernod Ricard.



## MÁISTREACTH ÚR I SONRAÍ MÓRA

Chuaigh IBM i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun Máistreacht úr sa Ríomhaireacht (Anailísíocht Sonraí) a chruthú. Forbraíodh ábhar an chlár i gcomhar le IBM agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun mic léinn a fheistiú leis na scileanna anailíseacha chun tacú leis an athrú atá ag teacht ar ghnó inniu. Seachadfaidh saineolaithe ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ó IBM an clár úr agus éascóidh siad tionscadail taighde chomhoibríocha idir an dá eagraíocht. Cuideoidh an comhoibriú le mic léinn faoi oiliúint scileanna ríthábhachtacha TF a fhorbairt d'anailís uirbeach, iompar tomhaltóirí, líonraí sóisialta, anailís seintiminte, cúram sláinte, agus cibearshlándaíl agus slándáil líonraí.

## MÁISTREACTH AR LÍNE AR BHAINISTÍOCHT NA dTEICNEOLAÍOCHTAÍ GLASA LAINSEÁILTE



An tUasal Seamus Fox, an tUasal Jim Dowling, an tAire Hogan agus An Dr Anne Morrissey ag lainseáil na Máistreachta ar líne ar Bhainistíocht na dTeicneolaíochtaí Glasa

Rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tUasal Phil Hogan TD, an Mháistreacht úr ar líne ar Bhainistíocht na dTeicneolaíochtaí Glasa de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a lainseáil go hoifigiúil i mí Aibreáin. Leis an gclár seo, a seachadadh go hiomlán ar líne trí Oscail, Cianoideachas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, cuirfear tuilleadh oiliúna ar bhainisteoirí d'earnáil na teicneolaíochta glaine. Ag labhairt ag an lainseáil, shonraigh an tAire Hogan an acmhainneacht atá ag an nGeilleagar Glas chun fás eacnamaíoch a sheachadadh agus poist a chruthú in Éirinn, agus an ról ríthábhachtach atá ag na hinstiúid tríú leibhéal chun é sin a bhaint amach. Leis an meascán scileanna a bheidh forbartha leis an gclár seo cinnteofar go dtuigfidh céimithe na dúshláin a bhaineann le bainistíocht an Fhuinnimh In-athnuaite, na hÉifeachtúlachta Fuinnimh, na Cóireála Uisce, na Bainistíochta Dramhaíola agus na hÉifeachtúlachta Acmhainní. Is réimsí iad sin a shainaithin an tÚdarás Forbartha Tionscail, Fiontraíocht Éireann agus Cumann Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar réimsí ríthábhachtacha le hÉirinn a chur chun cinn mar mhór-ionad d'infheistíocht in earnáil na Teicneolaíochta Glaine

### TUGANN AN GHNÉ-ALT 'NATURE' CLÁR OILIÚNA PHD CHUN SUNTAIS

I ngné-alt speisialta san iris idirnáisiúnta ardghradaim, *Nature*, tugadh clár oiliúna PhD ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun suntais in alt ar staidéar struchtúrach do mhic léinn iarchéime. Déantar scrúdú san alt seo ar an dóigh ar thug Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i measc institiúidí Eorpacha eile, clár dhochtúireachta struchtúracha isteach lena leathnaítear oideachas na mac léinn. Clár PhD comhoibríoch, idir-institiúideach 4 bliana is ea clár Struchtúrach PhD BioTA (Bithanailís & Teiripic), arna stiúradh ag an Dr Christine Loscher. Maoinithe ag an Údarás um Ardoideachas, tugtar le chéile in BioTA saineolas comhlántach taighdeoirí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, agus ón Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht



*An Dr Christine Loscher, an Scoil Bhiteicneolaíochta*

# TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT





### LAINSEÁLANN RÚNAÍ STÁIT SAM, HILLARY RODHAM CLINTON AN IICRR



I mí na Nollag, thug Rúnaí Stáit SA, Hillary Rodham Clinton, cuairt ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun spreagaitheasc maidir le cearta an duine ar a dtugtar *“Frontlines and Frontiers: Making Human Rights a Human Reality”* a thabhairt agus chun Institiúid úr Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath um Réiteach na Coinbhleachta Idirnáisiúnta agus Atógáil (IICRR) a lainseáil go hoifigiúil.

In aitheasc láidir le slua mór daoine i Halla Mahony san Helix Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, labhair an Rúnaí Clinton faoin tábhacht a bhaineann le cearta an duine, ag tabhairt chun suntais na “ceithre líne thosaigh de chearta an duine” (1) sairse reiligiúin agus cearta na mionlach reiligiún; (2) sairse idirlín; (3) ról na sochaí sibhialta agus (4) tagairt do sin mar

gnó neamhchríochnaithe an 21ú haois’, ag urramú chearta daonna na mban agus na gcailíní.

Lainseáil an Rúnaí Clinton IICRR chomh maith agus mhol sí an Institiúid as a dámhachtain €3.6 i maoiniú AE chun líonra oiliúna Eorpach ceithre bliana do thaighdeoirí luathghairme a mhaoiniú agus do PhDanna agus comhaltaí iardhochtúireachta a dhíríonn ar choinbhleacht agus ar theannas iarchoinbhleachta i spás an iar-Aontais Shóivéadaigh. Tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ina príomh-chomhpháirtí sa tionscadal a thacóidh le foireann de 12 mhac léinn PhD agus de bheirt chomhlach lardhochtúireachta a fhorbairt, ag a mbeidh speisialtóireacht réigiúnach ar réigiún an iar-Aontais Shóivéadaigh, oiliúint láidir ar thaighde agus taithí trí bliana ar a bheith ag obair i dtimpeallacht idirnáisiúnta agus idirchultúrais. Áirítear ar chomhpháirtithe an tionscadail, Ollscoil Bremen, Ollscoil Osló, Ollscoil Vársá, Ollscoil Tallinn agus Ollscoil St. Andrews in Albain. Is iad príomhthaighdeoir IICRR an Dr John Doyle, Stiúrthóir IICRR, an Dr Donnacha O Beacháin agus an Dr Eileen Connolly.




## MAOINIÚ AE DON TIONSCADAL CHUN SPÓRT GAELACH AGUS BASCACH A DHIGITIÚ

Rinneadh mórtionscadal teicneolaíochta Eorpach um ghabháil gluaiseachta chun spórt atá tábhachtach ón taobh cultúrtha de a choimeád, a chur chun cinn agus a fhorbairt in Éirinn trí chomhoibriú uathúil idir eolaithe, comhlachtaí spóirt, eagraíochtaí cultúrtha agus lúthchleasaithe.

Arna lainseáil ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta Richard Burton, TD, tionscadal taighde €2 milliún is ea 'Re-Play', atá maoinithe ag Creatchlár 7 AE (FP7), agus a bhfuil eolaithe den scoth ó Éirinn, ón Spáinn, ón Ríocht Aontaithe, ón Eilvéis agus ón nGréig páirteach ann.

Tugtar ochtar rannpháirtithe le chéile sa tionscadal lena n-áirítear Vicomtech-IK4 agus Eusko Jaurilaritza ón Spáinn, Vicon Motion agus IN2 Search ón Ríocht Aontaithe, CLARITY agus the CLG ó Éirinn, Ollscoil na Ginéive, ón Eilvéis agus ón Lárionad Taighde agus Teicneolaíochta sa Ghréig, a bhfuil staidéar a dhéanamh acu ar an mbithmheicníocht agus na bunscileanna uathúla a



## TAIGHDE ÚR CHUN CUIDIÚ LE DAOINE BREACAOSTA MAIREACHTÁIL GO NEAMHSPLEÁCH

D'fhógair an chuideachta réitigh TF Fujitsu, tionscadal taighde corraitheach úr, ina mbainfear leas as cláir rathúla taighde um shaol-logáil agus aitheantas riosca titimí sna lárionaid taighde CLARITY agus TRIL. Iarracht chomhoibríoch is ea tionscadal KIDUKU idir taighdeoirí ó CLARITY agus TRIL, atá ag obair le chéile in INSIGHT, agus an grúpa taighde CASALA in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan.

Déanfaidh KIDUKU scrúdú ar bhealaí chun cuidiú le maireachtáil neamhspleách sa tsochaí aosaithe trí TFC. Cuireadh tús leis an tionscadal trí bliana i mí Iúil, faoi threoir an Ollaimh Alan Smeaton (CLARITY), an Ollaimh Brian Caulfield (TRIL/CLARITY) agus an Dr Cathal Guerrin (comhordaitheoir CLARITY). Bainfidh taighdeoirí leas as raon braiteoirí chun monatóireacht a dhéanamh ar ghnáthshaolta laethúla othar, agus tabharfaidh siad le chéile saineolas na speisialtóirí tacaíochta um maireachtáil neamhspleách le teicneolaíochtaí um léirshamhlú agus anailís sonraí. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal córas a fhorbairt a thacaíonn le maireachtáil neamhspleách trí bhainistíocht sláinte agus TFC, chomh maith le réitigh do sheanóirí agus d'othair a mbeidh páirt á glacadh acu sa chóras seo.

Gabhtar i dteideal an tionscadail, KIDUKU, a bhfuil i gceist in dhá cheann d'fhocail Seapáinise, a bhfuil an fhuaim "kiduku" ag an dá fhocal. Ciallaíonn an chéad cheann "a bheith eolach" agus an dara ceann, "rud a thógáil." Baineann an smaoineamh "a bheith eolach" leis an gcumas athruithe i gcúinsí éagsúla a bhrath, amhail sláinte duine aonair, a bhféadfadh athruithe in iompraíocht a bheith mar thoradh air mar aon le tairgeadh seirbhísí tacaíochta úra. Chun na críche sin, tá sé mar aidhm leis an tionscadal clár eolas a "thógáil" lena soláthraítear seirbhísí le cuidiú le seanóirí agus le hothair mothú feasachta ardaithe a fháil. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal chomh maith réitigh dírithe ar sheanóirí a fhorbairt a úsáidfí an córas seo agus a bheidh úsáideach sa ghnáthshaol laethúil.



### LÁRIONAD ÚR CHUN NUÁLALÍOCHT NÉALRÍOMHAIREACHTA A SPREAGADH IN ÉIRINN

Lainseáil an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD, Lárionad na hÉireann um Néalríomhaireacht agus Tráchtála (IC4) ar lárionad úr teicneolaíochta arna mhaoiniú ag an rialtas chun nuálaíocht néalríomhaireachta a spreagadh in Éirinn. Tá sé mar aidhm ag IC4 glacadh na teicneolaíochta néalríomhaireachta in Éirinn a luathú agus a fhorbairt, inniúlachtaí na hÉireann sa réimse seo a fhorbairt agus a shárthaispeáint agus ar deireadh go rachaidh sé chun tairbhe gheilleagar na hÉireann trí chruthú post agus ioncam méadaithe san earnáil TFC.

Tá painéal láidir tionscail ag an ionad tionscaltreoraithe a bhfuil Microsoft, Fujitsu, Intel agus IBM ina measc. Bainfidh sé leas as bonn suntasach taighde na hÉireann sa réimse seo agus díreoidh sé ar thaighdeoirí a chur i bpáirtíocht leis an tionscal chun poist mhaithe i ngeilleagar na hÉireann a dhéanamh as smaointe maithe taighde. Príomhthiomantas faoin bPlean Gníomhaíochta um Poist 2012 is ea an lainseáil seo.

### OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH AG CUR CHUN CINN NAISC TAIGHDE LE GEILLEAGAR NA BRASAÍLE ATÁ AG FÁS

Tá cuibhreannas úr d'institiúidí tríú leibhéal na hÉireann, arna stiúradh ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ag cur chun cinn cur chuige náisiúnta comhordaithe chun cáil eolaíoch agus teicneolaíoch na hÉireann a chur chun cinn sa Brasaíl agus chun mealltacht na hÉireann mar chomhpháirtí idirnáisiúnta taighde a thabhairt chun suntais. Déanfaidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus a comhpháirtithe (Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) naisc taighde agus oideachais a fhorbairt idir an dá tír ar fud cúig phríomhréimse: Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide; Eolaíocht agus Teicneolaíochtaí Comhshaoil; Ardábhair agus Nanaitheicneolaíocht; Bithchógaisíocht, Biteicneolaíocht agus Sláinte agus Fuinneamh inbhuanaithe agus Agra-tháirgeadh. Sholáthair Fondúireacht Eolaíochta Éireann €550,000 don Chlár Dámhachtana um Chomhoibriú Idirnáisiúnta Straitéiseach seo, a bhfuil an Bhrasaíl ainmnithe acu mar thír thosaíochta do chomhpháirtíochtaí taighde agus oideachais. Tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath páirteach in dhá chuibhreannas eile chomh maith a spreagfaidh neartú na nasc taighde straitéiseach agus an chomhoibríthe straitéisigh leis an tSín (arna stiúradh ag Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad) agus leis an India (arna stiúradh ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath).



An Dr Dermot Brougham, an Dr Dermot Brabazon agus an tOllamh John Costello

## ÉIRE A CHUR CHUN CINN MAR IONAD DOMHANDA DO NUÁLAÍOCHT I bPRÓISIS CHÓGAISÍOCHTA AGUS SAN ARD-DEÁNTÚSAÍOCHT.

D'fhógair an tUasal Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus an tUasal Seán Sherlock TD, an tAire Taighde agus Nuálaíochta, maoiniú €30m chun tacú le taighde den scoth ag Synthesis & Solid State Pharmaceutical Centre (SSPC) bunaithe ag Ollscoil Luimnigh. Leis an maoiniú seo ón státchiste tá infheistíocht eile de €10 milliún á gearáil ó chomhpháirtithe tionscail do SSPC. Tá SSPC tiomanta do thacaíocht a thabhairt don tionscal cógaisíochta in Éirinn, atá freagrach as os cionn 60,000 post Éireannach agus onnmhairithe de os cionn €50 billiún gach bliain. Is comhoibriú idir 17 gcuideachta agus ocht n-institiúid acadúla é SSPC, lena n-áirítear Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus tógfaidh sé croí-inniúlacht i réimse phróiseas T&F lena neartófar an tionscal cógaisíochta in Éirinn agus chun poist a choinneáil sna cuideachtaí cógaisíochta atá ann cheana. Príomhthéama den taighde is ea a fhócas ar éifeachtúlacht phróisis agus ceimic 'níos glaise', a mbeidh tionchar níos dearfaí aige ar an timpeallacht trí úsáid ábhar atá guaiseach don chomhshaol a laghdú agus i roinnt cásanna iad a dhíobhadh. Is é an Dr Nick Gathergood, Scoil na nEolaíochtaí Ceimiceacha ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ceannaire an tionscadail don tionscadal sprice 'Teicneolaíochtaí do Phróisis níos Glaine', lena n-áirítear taighdeoirí ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (an tOllamh Guiry agus an tOllamh Gilheany) agus Coláiste Ollscoile, Corcaigh (an Dr MacGlacken). Tá an tionscadal seo tacaithe ag ionchur ó roinnt mórchuideachtaí cógaisíochta lena n-áirítear Pfizer, GlaxoSmithkline agus Roche.

*"Is infheistíocht thábhachtach iad gradaim imscrúdaitheora FEÉ i bhforbairt na teicneolaíochta amach anseo a chuideoidh le bonn taca a chur faoi ról Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath mar Ollscoil Fiontraíochta."*

An tOllamh Alan Harvey, an Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta

Dámhadh maoiniú ar thríúir taighdeoirí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath dar luach €1.4 milliún faoi Chlár Imscrúdaitheora Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann.

- Déanfaidh an Dr Dermot Brougham Scoil na nEolaíochtaí Ceimiceacha, taighde ar fhorbairt nanacháithníní maighnéadacha lena n-úsáid in íomháu bithleighis trí dhromchla an cháithnín a mhodhnú chun bith-chomhoiriúnacht a fheabhsú. Leis an obair sin feabhsófar an cumas íomháithe leighis, ag díriú ar luathbhrath ailse.
- Cuirfidh an Dr Dermot Brabazon, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Déantúsaíochta, ardteicníochtaí próiseála léasair i bhfeidhm chun córais fheabhsaithe a fhorbairt chun speicis cheimiceacha agus bhitheolaíochta a dheighilt agus a aithint. Leis an obair taighde seo, a thacóidh le tionscail atá bunaithe in Éirinn, soláthrófar córais úra lena gcumasófar réiteach braite feabhsaithe laistigh de thréimhsí níos gairide nach mbeidh róchostasach.
- Forbróidh an tOllamh John Costello, Scoil na nEolaíochtaí Fisiceacha, modheolaíocht nua um chiseal marbhántachta d'eisídiú léasair; teicneolaíocht is ea eisídiú léasair a chuireann bonn taca faoi roinnt príomhtheicníochtaí anailíseacha a úsáidtear in ábhair, bithchógaisíocht, slándáil, fóiréinsic agus monatóireacht ar an gcomhshaol.

## STAIDÉAR ÚR AR EISPÉIREAS NA hÉIREANN AR THÉARMEOLAÍOCHT DON AONTAS EORPACH

Téarmeolaíocht don Aontas Eorpach. Eispéireas na hÉireann: is é seo staidéar úr a chomhthiomsaigh Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus a d'fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht. Cuireann Tionscadal GA IATE (Tearmaíocht Idirghníomhach don Eoraip (Gaeilge)) cur síos cuimsitheach ar fáil ar théarmeolaíocht na Gaeilge chun críche aistriúcháin an Aontais Eorpaigh.

## IARRANN AN tOLLAMH NIALL MOYNA, AN LÁRIONAD UM MÍOCHAINÉ CHOISCTHEACH GO dtUGTAR TÚS ÁITE DON SPÓRT AGUS DON CHORPACMHAINN SNA SCOILEANNA



Sa dúshlán náisiúnta, arna fhorbairt ag an Ollamh Moyna agus Wellness Economic Initiative Alliance, tugadh cuireadh do gach meánscoil ar fud na tíre páirt a ghlacadh i dtosaíocht náisiúnta a thabhairt don chorpacmhainn, trí mheasúnú a dhéanamh ar leibhéil aclaíochta leanaí scoile an 1ú agus an 2ú bliana thar thréimhse sé seachtaine chun feabhsuithe ar a sláinte fhoriomlán a chur chun cinn.

Chuir 8,047 dalta san iomlán (4,390 buachaill agus 3,657 cailín), agus 219 scoil ó 24 contae ar fud na hÉireann Dúshlán Corpacmhainne Sláinte Aviva do Scoileanna i gcrích go rathúil. Léirítear feabhsuithe móra san aclaíocht i measc na ndaltaí i ndiaidh thréimhse measartha gairid d'idirghabháil aclaíochta - chomh gairid le sé seachtaine. Léiríodh i staidéar le gairid go bhfuil fachtóirí riosca do ghalar croí ag 25% de leanaí scoile, agus go gcaitheann 86% díobh níos mó ná dhá uair sa lá ag breathnú ar an teilifís, ar fhíseáin, nó ag imirt ar an ríomhaire.

## IARRANN COMHDHÁIL SLÁINTE OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH FAIREACHLANN AE DO LEANAÍ - TUILLÉADH MAOINITHÉ AG TEASTÁIL DO THAIGHDE SLÁINTE LEANAÍ

I mí Iúil, bhí an tAire Gnóthaí Leanaí agus Óige in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun mórchomhdháil AE ar *'Child Health Research- The Key to a Healthier European Society'* a lainseáil.

Ag labhairt ag an lainseáil, d'iarr an tOllamh Anthony Staines, ón Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Sóisialta, ar lucht déanta beartas níos mó maoinithe a chur ar fáil do thaighde ar shláinte leanaí.

Cuireadh torthaí dhá mhórtuarascáil AE ar thaighde sláinte leanaí i láthair ag an gcomhdháil:-

Tá staidéar á dhéanamh ag CHICOS, (Straitéis um Thaighde Sláinte Leanaí a Fhorbairt ar Fud na hEorpa), faoi láthair ar os cionn 500,000 máthair, athair agus leanbh, ag bailiú faisnéise ar ghálair agus ar chinntithigh thábhachtacha na luath-óige, amhail murtall, asma, ionfhabhtuithe, fadhbanna iompraíochta, forbairt chognaíoch, agus saintréithe sóisialta, timpeallachta agus géiniteacha leanaí agus a dtuismitheoirí.

Tá treochlár á mholadh do thaighde sláinte leanaí san Eoraip ag an gcuibhreannas AE, RICHE, Fardal Taighde do Shláinte Leanaí san Eoraip, ina bhfuil taighdeoirí as 23 tír. Moltar sa tuarascáil níos mó tosaíochta a thabhairt do leanaí i suirbhéanna um sonraí daonáirimh agus tí, ionas go mbeifear ábalta anailís níos fearr a dhéanamh ar thimpeallachtaí baile agus sóisialta leanaí. Iarrtar ann chomh maith níos mó staidéar Eorpach fadaimseartha traschultúrtha a dhéanamh ar shláinte leanaí, lena n-áirítear comparáidí trastíre agus forbairt níos fearr ar tháscairí aoisbhainteacha i réimsí sainiúla taighde.

## EDELMAN AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT TAIGHDE OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Chruthaigh Edelman, an gnó caidrimh phoiblí is mó ar domhan, agus Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, comhpháirtíocht straitéiseach chun díriú ar thaighde leanúnach maidir le hiontaobhas, margaíocht faoi thionchar sóisialta agus rannpháirtíocht ar líne. Glacfaidh Edelman páirt i dtionscnaimh shonracha de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath amhail Clár um Luathú Propeller Acadamh Uí Riain, Ollscoil Chathair Bhaile



# FIONTRAÍOCHT

OCU

Campas Nuálaíoch

Innova m



## IONAD NÁISIÚNTA ÚR UM NUÁLAÍOCHT IN EARNÁIL NA TEICNEOLAÍOCHTA GLAINE

I mí Eanáir, rinne an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUasal Richard Burton TD, Campas Nuálaíochta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ionad náisiúnta úr um nuálaíocht in earnáil na Teicneolaíochta Glaine a oscailt go hoifigiúil. Tá an teicneolaíocht ghlan ar cheann de na réimsí um ghníomhaíocht eacnamaíoch is mó fás agus is fiú os cionn €5 trilliún é. Is é an rud a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh an campas ina shuíomh is rogha le gnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí móra na Teicneolaíochta Glaine, agus táthar ag súil go spreagfar fás an gheilleagair ghlais i limistéar Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Laighean, rud a thacóidh le 200 post sa chéad 18 mí.

Bunaíodh an Campas Nuálaíochta nuair a aistríodh láithreán folamh de chuid Fhiontraíocht Éireann chuig Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun críche an tionscadail seo. Forbraítear táirgí agus seirbhísí nuálacha in earnáil na Teicneolaíochta Glaine chun aghaidh a thabhairt ar mhórcheisteanna inbhuanaitheachta maidir le huisce, dramhaíl, fuinneamh agus astaíochtaí agus tá sí ina príomhshraith de chuid Phlean Gníomhaíochta um Poist an Rialtais agus dá bheartas um fhás agus um fhostaíocht sa Gheilleagar Glas. Ag labhairt ag an lainseáil, labhair an tAire Bruton faoin tábhacht a bhaineann leis an gCampas Nuálaíochta úr i gcomhthéacs an mhórfhócais bheartais rialtais seo,

Beidh an Campas Nuálaíochta ina phríomhghné de chion Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le forbairt na Slí Glaise, fiontar comhoibríoch arna bhunú ag an tionscal, institiúidí acadúla agus imreoirí poiblí/leathstáit i réigiún Bhaile Átha Cliath thuaidh chun poist agus deiseanna trádála a chruthú trína ghrúpa Teicneolaíochta Glaine atá aitheanta ar bhonn idirnáisiúnta.

Táthar ag súil go dtarraingeoidh an campas fiontair ardfháis úra um Theicneolaíocht Ghlan ar mian leo lonnú in éiceachóras fiontraíochta tacúil; fiontraíthe idirnáisiúnta ar mian leo leas a bhaint as T&F ardleibhéal Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; macchuideachtaí ollscoile; agus cuideachtaí nuathionscanta mac léinn agus iarchéimithe. Dearbháodh Dalkia, an soláthraí seirbhíse fóntas agus bainistíochta fuinnimh, mar an gcéad tionónta sa champas úr.

Ag labhairt ag an lainseáil dúirt an tUachtarán, an tOllamh Brian MacCraith, “Ó bhfiorthús na hinstitiúide seo i 1980, faoi cheannaireacht an Dr Danny O’Hare, tá an nuálaíocht ag croí-lár gach rud a dhéanaimid ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is é sin an fáth ar bunaíodh muid. Agus, i ndiaidh lainseáil ár bPlean Straitéisigh úir i mí Mheán Fómhair anuraidh, tá teachtaireacht úr á cuimsiú againn: Ollscoil Fiontraíochta na hÉireann. Agus baineann sé sin le cultúr nuálaíochta a chruthú, le rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh leis an earnáil fiontraíochta, agus le meonta nuálacha agus fiontraíochta a chothú inár mic léinn”

## AN CLÁR NÁISIÚNTA UM LUATHÚ NÉALRÍOMHAIREACHTA

I mí na Bealtaine, fógraíodh sonraí maidir le Clár úr Náisiúnta um Luathú Néalríomhaireachta ina soláthrófar treoir agus oiliúint le haghaidh os cionn 2,000 eagraíocht ar conas cibé seirbhísí néalríomhaireachta is gaiste a thabharfaidh a gnó chun tosaigh a mheas. Leis an gclár, tairgfear an deis do 200 eagraíocht comhairle phraiticiúil maidir leis an néalríomhaireacht a chur i bhfeidhm a fháil ag clinicí buail isteach i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Baile Átha Luain.

Lena chois sin, tabharfar comhairle do 500 gnóthas meánmhéide, a bhfuil an néalríomhaireacht glactha acu cheana, ar conas is féidir leas a bhaint as an néalríomhaireacht chun tacú le fás. Áirítear ar an gcomhpháirtíocht atá taobh thiar den tionscnamh, tionscnamh atá deartha chun an gnó néalríomhaireachta in Éirinn a luathú, Microsoft, Lárionad na hÉireann um Néalríomhaireacht agus Tráchtála (IC4) ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Stiúrfaidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an clár for-rochtana chuig 2,000 eagraíocht, ag leathnú a clár for-rochtana *Techspectations* reatha chun clár úr saor in aisce um oiliúint néalríomhaireachta a chorprú. D’fhógair Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chomh maith go lainseálfadh sí saoráid úr, *MarketingLab*, chun rochtain a thabhairt do FBManna, agus go sonrach cuideachtaí teicneolaíocht néalríomhaireachta, ar shaineolas, uirlisí agus eolas um margaíocht dhigiteach agus néalríomhaireachta. Beidh *MarketingLab* ag fail tacú ó Microsoft agus óna chomhpháirtí crua-earraí HP, leis na ríomhairí Windows 8, táibléid agus teileafóin is déanaí.



## MEARSCÉIM UM CHEADÚNAIS PHAITINNÍ

Ba í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an chéad ollscoil Éireannach le méarscéim *Licence Express* a fhógairt trínar féidir léi nuálaíochtaí paitinnithe roghnaithe a chur ar fáil don tionscal agus d'fhiontraithe. Tá sé mar aidhm le *Licence Express* Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chinntiú go gcuirfear taighde arna mhaoiniú go poiblí chun cinn ar bhonn leathan agus déanfar é níos fusa do chuideachtaí leis rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí ollscoile. Forbraíodh an scéim mar fhreagairt do Phrótacal Náisiúnta an Rialtais um Mhaoin Intleachtúil a foilsíodh i Meitheamh 2012. Le *Licence Express* Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tairgfear ceadúnais teimpléid ar líne eisiacha agus neamheisiacha do chuideachtaí nó d'fhiontraithe nach mór dóibh pleananna gnó inchreidte a mholadh. Roghnóidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tograí bunaithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar gheilleagar na hÉireann i gcomhthéacs fostaíochta nó easpórtálacha. Ní bheidh ríchiosanna dlite ar feadh tréimhse ceithre bliana agus ní bheidh réamhíocaíochtaí ar bith dlite leis an Ollscoil. Ní bheidh i gceist le ríchiosanna leanúnacha i ndiaidh na chéad cheithre bliana ach 1% de na glandíolacháin.

## TÉANN ACADAMH UÍ RIAIN UM FHIONTRAÍOCHTA, OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH I nGLEIC LE DÚSHLÁIN A BHAINNEAN LE GNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA DO MHNÁ

Thug Acadamh Uí Riain um Fhiontraíocht, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath cuireadh d'fhiontraithe mná páirt a ghlacadh sa Chlár *High Fliers*, sraith ceardlann agus deiseanna líonraithe a dearadh chun dul i ngleic leis an mbearna idir ráta na ngnólachtaí nuathionscanta do mhná agus d'fhir in Éirinn. Sainnithníodh na príomhdhúshláin d'fhiontraithe mná mar easpa féinmhuiníne, meon fiontraíochta a fhorbairt agus an cumas cás a dhéanamh le rud a fháil agus tionchar a bheith acu.

Mar fhreagairt do na riachtanais sin, d'fhorbair Acadamh Uí Riain, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath trí cheardlann spriocdhírthe, a sheachadfaidh Struan Robertson, an cóitseálaí bainistíochta a bhfuil ardmheas air. Tá an clár seo saincheaptha do riachtanais fiontraithe atá



## BIG IDEAS Ó OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Ag sárthaispeáint 'Big Ideas' na bliana seo, bhronn an tAire Taighde agus Nuálaíochta, Seán Sherlock, TD, Gradam speisialta um Thráchtálú Fhiontraíocht Éireann ar Tony O'Dowd, POF *Xcelerator*, mac-chuideachta de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath atá bunaithe in *Invent* Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Le *Xcelerator* tairgtear aistriúchán ar líne bunaithe ar néalríomhaireacht ag baint úsáid as teicneolaíocht ó LCGE ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá táirge príomhúil na cuideachta á chur ar an margadh anois mar 'KantanMT', a athraíonn an dóigh a n-oibríonn Soláthraithe Seirbhísí Logánaithe le teicneolaíocht um Aistriú Uathoibríoch.

Ag 'Big Ideas' chomh maith, fuair an Dr Stephen Daniels, an stiúrthóir feidhmiúcháin, NCPST, Gradam um Thráchtálú Fhiontraíocht Éireann mar aitheantas ar a sprid fiontraíochta ar fheabhas agus ar a thiomantas do thaighde a thráchtálú. Tá Dr Stephens i gceannas ar fhoireann taighde ildisciplíneach sa teicneolaíocht phlasma agus córais fuinnimh. Bhí páirt ríthábhachtach aige chomh maith i gcruithú roinnt gnóthais teicneolaíochta lena n-áirítear Arann Healthcare Ltd, Qualflow Systems Ltd, Lexas Research agus Sonex Metrology. Breathnaítear ar an Dr Daniels mar chosantóir na nuálaíochta trína obair taighde, a rannpháirtíocht leis an tionscal tríd an bhfiontraíocht a spreagadh i measc mac léinn.

Tá an sárthaispeáint 'Big Ideas' ar an gcruinniú is mó aireagóirí agus infheisteoirí sa tír. Agus aitheasc á thabhairt aige do phobal infheisteoirí, fiontraithe, caipitlithe fiontair agus ionadaithe ó chuideachtaí Éireannacha agus ilnáisiúnta, dúirt an tAire Sherlock, "Beidh sé riachtanach maoin intleachtúil atá luachmhar ón taobh tráchtála de a fhionnachtain, a chosaint agus a aistriú ón mbinse go dtí an seomra boird má tá poist agus easpórtálacha de luach níos airde le giniúint in Éirinn. Chuidigh Fiontraíocht Éireann leis na taighdeoirí lena dteicneolaíochtaí a chur ar an áit mhargaidh dhomhanda".



POF *Xcelerator*, Tony O'Dowd, ag glacadh a ghradaim ón Aire Sherlock

### FAIGHEANN MAC-CHUIDEACHTA LCGE, XCELERATOR, \$1.2 MILLIÚN

Fuair an chuideachta réiteach um aistriúchán uathoibríoch, Xcelerator, mac-chuideachta den Lárionad don Chéad Ghlúine Eile den Logánú (LCGL) arna mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann, maoiniú \$1.2 milliún ó shindeacáit infheisteoirí arna stiúradh ag Delta Partners, trí Chiste na hEarnála Gnólachtaí Nuathionscanta agus na hEarnála Éirithí de chuid Bhanc na hÉireann, in éineacht le Fiontraíocht Éireann agus beirt infheisteoirí príobháideacha. Bunaithe in 2011, cuideachta a dhíríonn ar easpórtálacha is ea *Xcelerator* ag a bhfuil custaiméirí in os cionn 30 tír. Sainfheidhmíonn sé i gcórais aistriúcháin uathoibrigh staitistiúil agus tá os cionn 650 cliant cláraithe leis faoi láthair agus ag baint leasa as a ardán aistriúcháin uathoibrigh KantanMT.com. Arna bhunú ag Tony O'Dowd, tá cúig dhuine fostaithe sa chuideachta faoi láthair agus is cliantchuideachta Gnólacht Nuathionscanta Ardacmhainneachta de chuid Fhiontraíocht Éireann é. Leis an maoiniú úr beifear ábalta 25 ról úr a chruthú sa chéad 18 mí eile sa réimse um Fhorbairt Bogearraí Bunaithe ar an Néalríomhaireacht. Baineann an chuideachta leas as teicnící glanta sonraí arna bhforbairt ag saineolaithe Theicneolaíochtaí Teanga Comhtháite LCGE.

### TÁ NA FREAGRAÍ UILE AG ZINOPY AGUS OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Lainseáil an speisialtóir TF, Zinopy, a aip nuálach, QuAS, le linn Choicís na Mac Léinn Céad Bhliana ar an gcampas. Le QuAS is féidir freagra a fháil go huathoibríoch agus go hiomasach ar Cheisteanna Coitianta (CC) ar líne agus is féidir le mic léinn faisnéis a fháil leis maidir le gné ar bith dá saol san ollscoil ar ghléas ar bith go gasta agus go héasca. Glacann QuAS, arna bhunú ag Comhpháirtíocht Nuálaíochta rathúil idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Fiontraíocht Éireann agus Zinopy, na teicneolaíochtaí agus taighde teanga is déanaí ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun inneall cuardaigh chliste a chruthú lena mapáiltear ceisteanna leis an bhfreagra ceart, ag foghlaim ó fhreagraí roimhe chun bunachar sonraí atá ag forbairt i gcónaí de cheisteanna agus de fhreagraí cruinne ar na ceisteanna sin a chruthú. Tá an Clár um Chomhpháirtíocht Nuálaíochta á réachtáil ag Fiontraíocht Éireann chun comhoibriú idir cuideachtaí Éireannacha agus ollscoileanna Éireannacha a spreagadh.

### GRADAM "ONE TO WATCH" FIONTRAÍOCHT ÉIREANN DO MHAC-CHUIDEACHTA OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Bhuaigh *Style-Eyes*, mac-chuideachta de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Gradam 'One to Watch' Fhiontraíocht Éireann 2013 as teicneolaíocht ar an gcéad cheann dá chineál a fhorbairt - feidhm fóin chliste, táibléid agus ríomhaire a úsáideann teicneolaíocht aitheanta íomhánna chun faisean a dhéanamh níos inrochtana. Le *Style-Eyes*, a d'fhorbair an Dr Mark Hughes agus Bobby Pringle ag CLARITY, an Lárionad um Theicneolaíochtaí Gréasán Braiteora, is féidir leis an úsáideoir grianghraf a ghlacadh de mhír fhaisin, cibé acu gúna tráthnóna nó mála láimhe agus cuardach a dhéanamh trí bhunachar sonraí miondíoltóra domhanda chun meaitseáil chruinn a fháil. I gcionn soicindí go díreach feicfidh tú torthaí ar do scáileán ag taispeáint an tairge don úsáideoir ar ghlac siad grianghraf de chomh maith le roghanna eile cosúil leis. D'éascaigh an fhoireann um aistriú teicneolaíochta ag Invent Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath aithint agus cosaint na maoine intleachtúla a tháinig as taighde *Style-Eyes*.

### ACADAMH UÍ RIAIN UM FHIONTRAÍOCHT, OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH - DUL I NGLEIC LEIS AN mBEARNA I SCIILEANNA DÍOLACHÁN IDIRNÁISIÚNTA

D'fhógair Acadamh Uí Riain um Fhiontraíocht, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i gcomhar le BTSI, sraith úr de chlár díolachán idirnáisiúnta lena bpunann um oideachas díolachán reatha a chomhlánú. Cosúil le clár um Oideachas Díolachán Acadamh Uí Riain ar fad, díritear sna clár úra seo ar dhíolachán mar an bpríomhspreagthach fáis laistigh d'eagraíochtaí easpórtála Éireannacha trí fheabhas a chur ar scileanna, eolas agus inniúlacht díolachán. Forbraíodh na clár mar fhreagairt do ghlaonna ó cheannairí gnó Éireannacha chun comhiarracht a dhéanamh le dul i ngleic le heasnamh scileanna díolachán na hÉireann atá ag fás. Seachadtar na clár ag baint úsáid as modheolaíocht chumaisc, lena n-íoslaghdaítear an t-am as an oifig go dtí ceithre lá thar 12 mhí go díreach.





RANNPHÁIRTÍOCHT  
DHOMHANDA

ASU

The image shows a large, three-dimensional white logo for ASU mounted on a wall. The letters are bold and blocky. The 'S' is stylized with a sunburst pattern of radiating lines. The wall behind the logo is made of vertical wooden planks and is illuminated from behind, creating a warm glow. Below the wooden wall is a section of a stone wall made of irregular, rounded stones in various shades of brown and grey. The background above the wall shows palm trees and a clear blue sky.



An tOllamh Brian MacCraith le hUachtarán ASU, an Dr Michael Crow

### COMHPHÁIRTÍOCHT THRASATLANTACH UM ARDOIDEACHAS OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH-ASU

I mbliana, agus leas á bhaint as comhar atá dea-bhunaithe cheana thar sheacht mbliana, d'fhógair Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Stát Arizona (ASU) bunú Comhpháirtíochta Trasatlantaí cuimsithí um Ardoideachas. Tá an Chomhpháirtíocht tógtha ar chomhluachanna na nuálaíochta agus na fiontraíochta, na foghlama teicneolaíocht-fheabhsaithe, agus taighde agus fionnachtain. Laiseáladh líon tionscadal agus tionscnamh ina ndírítear ar eispéiris uathúla oideachais agus taighde a chur ar fáil do mhic léinn, lena bhfásfar an geilleagar agus a mbeidh tionchar dearfach acu ar Arizona agus ar Éirinn araon. Mar chuid den Chomhpháirtíocht a fógraíodh, eisíodh sonraí faoi thrí mórthionscadal úra:

- I gcomhpháirtíocht le Ventana Medical Systems, Inc., ball de ghrúpa Roche, bunóidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ASU an chéad Scoil Idirnáisiúnta um Dhiagnóis Bhithleighis ar domhan in 2014.
- I mórfhorbairt i dtaighde cúram sláinte, déanfaidh Bidesign Europe cumas bonneagar taighde agus saineolas an aon déag ionad taighde sláinte in Institiúid Bithdhearaidh ASU agus an chúig ionad taighde sláinte in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a threisiú. Mar thoradh air sin, tabharfaidh foireann de os cionn 400 taighdeoir le chéile aghaidh ar na dúshláin is tábhachtaí i gcúram sláinte an 21ú haois, amhail

bainistíocht galar ainsealach, cógais phearsanta agus srathaithe, agus seachadadh cúram sláinte inbhuanaithe;

- Ag baint leas as cultúr láidir nuálaíochta na mac léinn sa dá institiúid, forbróidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ASU le chéile clár san fhiontraíocht do mhic léinn. Go sonrach, cuimseofar peirspictíocht dhomhanda sna cláir úra sin trí naisc le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus trí fhócas ar dhúshláin mhóra dhomhanda, go háirithe sa domhan i mbéal forbartha. D'éirigh leis an dá institiúid clár um luathú mac léinn a reáchtáil cheana agus tá siad ainmnithe mar Champas Athraitheora mar aitheantas dá ngealltanas i leith na fiontraíochta sóisialta.

D'fhógair Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ASU ciste Catalaíoch chomh maith, a úsáidfear chun tacú le rannpháirtíocht idir taighdeoirí ag féachaint le hioncam substaintiúil ó ghníomhaireachtaí maoinithe taighde a ghiaíil. Lena chois sin, rinneadh comhordaitheoir Comhpháirtíochta a fhostú chun na tionscadail chomhoibríocha sin a chur chun cinn agus chun tacú le tuilleadh tionscnamh idir an dá institiúid a chur ar fáil de réir a chéile.

Tá stair um chomhoibriú ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ASU, agus tá raon tionscnamh faoi bhealach cheana, lena dtreisítear saineolas agus tacar sainscileanna an dá ollscoil

## CATHAOIRLEACH POLAITÍOCHTA AGUS GNÓTHAÍ IDIRNÁISIÚNTA ICCR D'OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Shínigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Meabhrán Tuisceana le Comhairle na hIndia um Chaidreamh Cultúrtha (ICCR), Deilí Nua, chun Ollúnacht Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta ICCR a bhunú ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Cuirfidh an tOllamh úr cúrsaí i gcrích maidir le Peirspictíochtaí Comhaimseartha na hIndia ar Ghnóthaí Idirnáisiúnta, agus Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Beartas Eachtrach sa Domhan i mBéal Forbartha, agus tabharfaidh sé Léacht ICCR ar an India. Arna bhunú i 1950 ag Maulana Abul Kalam Azad, an chéad Aire Oideachais neamhspleách san India, cuidíonn an ICCR le beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme maidir le caidreamh cultúrtha seachtrach na hIndia agus cothaíonn sé comhthuiscint agus cuireann sé malairtí cultúrtha chun cinn idir an India agus tíortha eile.



Ambasadóir na hIndia d'Éirinn, an tUasal Debashish Chakravarti agus an tOllamh rian MacCraith

## SÍNIONN OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH COMHAONTÚ LE PRINCESS NOURAH BINT ABDULRAHMAN UNIVERSITY (PNU) CHUN DHÁ CHLÁR FOCHÉIME A SHEACHADADH

I ndiaidh shíniú an chomhaontaithe thábhachtaigh idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Princess Nourah Bint AbdulRahman University i mbliana, chuir DCU@PNU fáilte roimh a céad ghlacadh de os cionn 100 mac léinn i mí Mheán Fómhair. Is é PNU, atá lonnaithe i Riyadh, Ríocht na hAraibe Sádaí, an ollscoil is mó de mhná amháin ar domhan. Faoin gcomhaontú seachadfaidh Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i gcomhpháirtíocht leis an gColáiste Gnó agus Riaracháin ag PNU, a Céim Bhaitsiléara sa Staidéar Gnó agus a Céim Bhaitsiléara sa Mhargaíocht, Nuálaíocht agus Teicneolaíocht. Sna chéad cheithre bliana de DCU@PNU táthar ag súil go nglacfaidh beagnach 600 mac léinn mná as an Araib Shádach páirt sna cláir agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú as an gcomhpháirtíocht ar na deiseanna oideachais

iarchéime do mhic léinn as an Araib Shádach in Éirinn.

Ba é an Rí Abdullah a d'ainmnigh PNU in onóir a aintín, an Banphrionsa Nora forchéimnitheach, deirfiúr bhunaitheoir Ríocht na hAraibe Sádaí, an Rí Abdulaziz Bin Abdulrahman nach maireann. Déanann an Ollscoil a dícheall oiliúint a chur ar a mic léinn ban agus iad a spreagadh le cláir cheannródaíocha nuálacha. Osclaíodh doirse a champas 8 milliún méadar cearnógach in 2011, i ndiaidh gur tógadh é in dhá bhliain, an tréimhse is gairide riamh. Tá a córas iarnróid éadroime ardaíthe, dhá rian féin ag PNU, mar aon le 1,444 aonad cónaithe, leabharlann 80,000 méadar cearnach, scoileanna ar leibhéal réamhscoile, bhunscoile, idirthréimhseacha agus mheánscoile, ionaid taighde, ionad tacaíochta do mhic léinn, saoráidí spóirt don fhoireann agus do mhic léinn, ionad comhdhála, agus ospidéal 700 leaba. Tá cúig dhámh déag san Ollscoil atá deartha le freastal ar 60,000 mac léinn faoin gcéad chéim den fhorbairt.

## MEABHRÁN TUISCEANA SÍNITHE LE hOLLSCOIL ARDGRADAIM NA SÍNE

I mí na Samhna, shínigh an tUachtarán, an tOllamh Brian MacCraith, meabhrán tuisceana le hOllscoile Bhéising um Poist agus Teileachumarsáid (BUPT). Tá BUPT ar cheann de 73 príomhollscoil náisiúnta na Síne, ina sainfheidhmítear sa teagasc agus sa taighde sna réimsí faisnéise agus teileachumarsáide. Síníodh an Meabhrán Tuisceana i ndiaidh clár seachtaine um rannpháirtíocht le comhpháirtithe malartaithe suntasacha sa tSeapáin agus sa tSín - Ollscoil Waseda, Ollscoil Toyo, Ollscoil Tagasaki agus an Capital University of Economics and Business.

## DIOPLÓMA IARCHÉIME I BHFORBAIRT CEANNAIREACHTA SA TFC AGUS SA tSOCHAÍ EOLAIS BRONNTA AR CHEANNAIRÍ NA hAFRAICE AMACH ANSEO

Mar thoradh ar chomhpháirtíocht idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coimisiún Aontas na hAfraice, Aireacht Eachtrach na Fionlainne agus Tionscnamh r-Scoileanna agus Pobal Domhanda na Náisiún Aontaithe (GeSCI) bhain 180 ceannaire amach anseo ó thíortha na hAfraice fo-Shaháraigh cáilíocht úr cheannródaíoch um cheannaireacht amach ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Leis an Dioplóma Iarchéime i bhForbairt Ceannaireachta sa TFC agus sa tSochaí Eolais beidh sé ar a gcumas a bheith ina n-athraitheoirí sa rialtas, agus fócas a chur ar thionchar a bheith acu ar an gceapadh beartais is gá d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch ar mhór-roinn na hAfraice.



Clár foghlama gairmiúil saincheaptha cumaisc (ar líne nó duine le duine) is ea an clár atá deartha agus seachadta ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an Tionscnamh r-Scoileanna agus Pobal Domhanda (GeSCI) agus faigheann sé tacú ó Choimisiún Aontas na hAfraice agus ó Aireacht Eachtrach na Fionlainne. Tá sé saincheaptha go sainiúil do riachtanais forbartha gairmiúla ailtirí na hAfraice amach anseo den tSochaí Eolais sna réimsí Oideachais, Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, agus ceapadh beartas agus planáil TFC. Neartaíonn an cúrsa ard-deiseanna gairme, feabhsaíonn sé cur i bhfeidhm beartas agus scileanna planála agus cuireann sé sraith straitéisí ceannaireachta ar fáil don tsochaí eolais.

### SCOLÁIREACHT MHALAIRTE IARCHÉIME SAN JOSE-BHAILE ÁTHA CLIATH

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair Ard mhéara Bhaile Átha Cliath sonraí maidir le clár úr scoláireachta agus malairte de chuid na Comhchathrach San José-Bhaile Átha Cliath atá bunaithe i SAM. Leis an scoláireacht cuirfear taithí oibre ar fáil do mhic léinn Éireannacha ag cuideachtaí teicneolaíochtaí San José, oiliúint acadúil ag Ollscoil Stát San José agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, as a dtiocfaidh céim Mháistir Tionsclaíoch Eolaíochta agus Innealtóireachta.

Is é seo an chéad mhalaire scoláireachta ar leibhéal máistreachta dá chineál i measc líonra Idirnáisiúnta na gComhchathracha. Ag labhairt ag an bhfógairt, dúirt Tim Quigley, Uachtarán Chlár na Comhchathrach San José-Bhaile Átha Cliath é seo a leanas faoin tsraith scoláireachta “cruthóidh sé caidreamh fadtréimhseach agus domhain idir San José agus Baile Átha Cliath...Déanfaidh mic linn a ghlacfaidh páirt sa chlár malairte ionadaíocht do na naisc chultúrtha, acadúla agus eacnamaíocha atá ann idir an dá chathair iontacha againn.”

### BAINEANN OIDEOIRÍ ÓN MALAEISIA CÉIM AMACH Ó CHLÁR FIONTRAÍOCHTA SCOIL GHNÓ OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH



I mí Feabhra, bhain deichniúr léachtóirí polaiteicnice ón Malaeisia cáilíocht amach ó threoirhionscadal an Chláir Fhiontraíochta uathúil arna sheachadadh ag Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath do Chláir Fhiontraíochta ar iarratas ó Aireacht na Malaeisia don Ardoideachas. D'fhreastail an tUasal Ciarán Cannon TD, an tAire Oiliúna agus Scileanna, agus a Shoilse, an tAmbasadóir Dato' Ramli Naam ar an searmanas bronnta speisialta ar an gcampas.

# TIONCHAR A IMIRT





### TUGANN OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH CHUN SUNTAIS AN RÓL LUACHMHAR ATÁ AG OLLSCOILEANNA Ó THAOBH FREAGAIRT DO NA DEISEANNA AGUS NA DÚSHLÁIN ILGHNÉITHEACHA A BHAINNEAN LE DAONRA ATÁ AG DUL IN AOIS.

I mí na Samhna lainseáil an Taoiseach, Enda Kenny TD, tionscnamh “Ollscoil a Thacaíonn le Daoine Breacaosta” de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, arb é an chéad cheann dá chineál ar domhan. Dúirt an Taoiseach gur ‘tionscnamh fíor-cheannródaíoch’ é agus tugtar chun suntais in Ollscoil a Thacaíonn le Daoine Breacaosta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an ról luachmhar a d’fhéadfadh a bheith ag ollscoileanna ó thaobh freagairt do na deiseanna agus na dúshláin ilghnéitheacha a bhaineann le daonra atá ag dul in aois.

Tháinig an tionscnamh ó ghrúpa oibre inmheánach de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a raibh sé mar aidhm acu an méid sainiúil a d’fhéadfadh institiúidí ardoideachais a dhéanamh chun dul i ngleic le riachtanais daoine breacaosta a aithint. Mar thoradh air sin, bunaíodh sraith de dheich phrionsabal chineálacha agus chuir an Ollscoil tús le raon leathan de ghníomhaíochtaí gaolmhara, lena n-áirítear:

- Clár um Fhoghlaim Idirghlúine lena spreagtar mic léinn reatha agus daoine breacaosta le dul i mbun foghlama le chéile
- Sraith clár acadúil solúbtha, cuid díobh a thairgtear ar líne
- Clár taighde ina ndírítear ar cheisteanna a bhaineann le haosú (lena n-áirítear mórthionscadal AE ar Néaltrú)
- Clár aclaíochta, sláinte agus folláine lena n-áirítear *HeartSmart*, *BreatheSmart* agus *DiabetesHealthSteps*

- ‘*Taste of DCU*’, ina dtugtar an deis do dhaoine breacaosta saol na hollscoile a bhrath ar feadh lae

- Encore, nó clár dara gairme, ina ndírítear ar athruithe gairme amach sa saol, lena n-áirítear deiseanna fiontraíochta

- Gníomhaíochtaí cultúrtha

Tá ‘Prionsabail um Ollscoil a Thacaíonn le Daoine Breacaosta’ Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath bunaithe ar fhianaise taighde agus comhairliúchán le daoine breacaosta, grúpaí ionadaíochta agus ionchur ó shaineolaithe. Beidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath páirteach in idirphlé rialta le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do leasanna an daonra atá ag dul in aois, agus cinnteoidh sí go gcuirfidh riachtanais na sochaí atá ag dul in aois bonn eolais faoina clár oibre taighde agus oideachais.

Mar chuid de thiomantas na hOllscoile tacú le daoine breacaosta, bhí clár lae, dar teideal *Taste of DCU*, ar siúl i mí Mheán Fómhair. Dearadh an clár seo go sonrach chun blas de raon agus fairsinge na gcúrsaí agus gníomhaíochtaí a thairgeann an Ollscoil a thabhairt do dhaoine breacaosta ón bpobal áitiúil. Áiríodh sa chlár Clár um Fhoghlaim Idirghlúine Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Clár Folláine Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Drugaí agus Saoirse, Staidéar Síceolaíochta, Spraoi le Fisic, Réamheolas ar an Sceimhlitheoireacht agus Foréigean Polaitiúil, Foghlaim ar Líne le Oscail, Taighde Gnóthas Beag, A bheith i Do Mhac Léinn Ollscoile, Ginealas, Cognaíocht agus Aosú - cad atá sláintiúil agus cad nach bhfuil?, Cad is Néalríomhaireacht ann?, Scríbhneoireacht Saoil agus tuilleadh.

Tugadh deis do rannpháirtithe chomh maith turas a dhéanamh ar Shaotharlann Taighde BDI agus ar an Helix. Bhí daoine breacaosta sa phobal áitiúil agus i mórcheantar Bhaile Átha Cliath an-dearfach faoin ócáid agus d’fhreastail os cionn 150 duine air.



### CUAIRT UACHTARÁN NA hÉIREANN, MICHAEL D HIGGINS

Chuir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath fáilte roimh Uachtarán na hÉireann, Michael D Higgins, ar dhá ócáid ar leith i mbliana. I Meitheamh, rinne an tUachtarán Higgins comhdháil idirnáisiúnta meán agus cumarsáide ar an ngéarchéim eacnamaíoch reatha agus an dóigh a dtéann a 'scríos cruthaitheach' i gcion ar an ngeopholaitíocht agus ar chumarsáid a oscailt go hoifigiúil ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí an chomhdháil eagraithe ag an gCumann Idirnáisiúnta arna aithint ag UNESCO um Thaighde na Meán agus Cumarsáide, Géarchéimeanna, Scríos Cruthaitheach agus an Ordú um Chumhacht Dhomhanda agus Cumarsáid agus d'fhreastail os cionn 1400 toscaire ó 88 tír air.

I mí Mheán Fómhair, thug an tUachtarán Higgins léacht poiblí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, *Ethics for All*, agus labhair sé ar an téama 'I dTreo Geilleagar Eiticíúil'. Ba é Institiúid Eitice Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a d'eagraigh an léacht i gcomhair le hInstitiúid Oideachais Mater Dei.

### TÉANN CODERDOJOGIRLS i mBUN OIBRE AG OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Lainseáil Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath *CoderDojoGirls*, club códaithe úr ríomhairí a bhfuil sé d'aidhm leis suim cailíní óga sa teicneolaíocht a spreagadh. Bunaithe ar an tsamhail CoderDojo, an ghluaiseacht dhomhanda um chlubanna códaithe saor in aisce do dhaoine óga, freastalaíonn CoderDojoGirls ar ábhair spéise agus ar spreagthachtaí sainiúla cailíní, agus cuidíonn sé leo a muinín agus a suim a fhorbairt sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice. Díreofar sna gníomhaíochtaí ar thionscadail amhail leathanach lucht tacaíochta popbhanna a chruthú, pianónna a thógáil, nó spraoi a bheith acu go díreach leis na meáin shóisialta, agus é sin ar fad faoi threoir teagascóirí ban. Spreagadh teagascóirí CoderDojo de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Noel King agus Niambh Scullion, leis an bhfóram úr um fhoghlaim le spraoi a fhorbairt go sonrach do chailíní nuair a thug siad faoi deara go raibh ráta éirithe as níos airde ó na grúpa traidisiúnta CoderDojo i measc na gcailíní.

## BALLA ALUMNI OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH 2013

D'onóraigh Balla Alumni Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath gnóthachtálacha pearsanta agus gairmiúla ar fheabhas de chuid dá réag céimithe de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mbliana.

- Pat Burke, Comhpháirtí, Grant Thornton (BA i gCuntasáíocht & Airgeadas 1995)
- Regina Moran, Príomhfheidhmeannach Fujitsu Ireland (Céim Mháistir Riarachán Gnó 2000)
- Christine Barrett, Stiúrthóir Oibríochtaí um Réitigh Ghnó in EMEA and Gender Diversity Lead, Microsoft (BA sa Mhargáíocht Idirnáisiúnta agus Teangacha 1987)
- Brema Drohan, Stiúrthóir Bainistíochta, Nespresso UK and Ireland (BA sa Mhargáíocht Idirnáisiúnta agus Teangacha 1987)
- Margaret E Ward, Bunaitheoir agus Stiúrthóir Bainistíochta, Clear Ink (MA san Iriseoireacht 1998)
- Ian Kehoe, Eagarthóir Cúnta, Sunday Business Post (BA san Iriseoireacht 2003, MA san Iriseoireacht 2004)
- Tony Murphy, Stiúrthóir bunaidh Daon Group (BSc san Fhisic Fheidhmeach 1987)
- Garrett Forde, CEO & EVP Europe, an Meánoirthear & an Afraic, Philips Lighting (BSc san Fhisic Fheidhmeach 1988)
- Marian Corcoran, Accenture Head of Management Consulting in Ireland (BSc sa Bhteicneolaíocht 1986)
- Greg Reilly, Leas-Uachtarán, Deutsche Bank Japan (BEng an Innealtóireacht Leictreonach 1990)
- PJ Hough, Leas-Uachtarán Corparáideach do Bhainistíocht Clár, Rannán Microsoft Office (BSc sna Feidhmchláir Ríomhaire 1986)
- An Dr Cathal Gurrin, Scoil Ríomhaireachta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (BSc sna Feidhmchláir Ríomhaire 1997)

## COMPUTE TY 2013 – MEÁNSCOILEANNA PÁIRTEACH SA RÍOMHAIREACHT

Thionóil an Scoil Ríomhaireachta a clár rathúil ComputeTY do dhaltáí na hIdirbhliana. Tá an clár á reáchtáil go rathúil le hocht mbliana anuas anois. Bhí an clár ar siúl thar thréimhse trí seachtainí i mbliana agus bhí os cionn 150 dalta ag freastal air gach seachtain. Leis an ábhar foriomlán tairgtear raon leathan scileanna ríomhaireachta ó ghné chruthaitheach an deartha láithreán gréasáin go dtí dúshláin réitigh fadhbanna shruth an ríomhchláraithe. Ón uair a bunaíodh é in 2005, tá ComputeTY curtha i gcrích ag beagnach 3,500 dalta Idirbhliana ó scoileanna Bhaile Átha Cliath. Cuireann an cúrsa seo ar chumas na ndaltaí scileanna praiticiúla ríomhaireachta a fhorbairt agus teastastú a fháil ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath as a gcuid oibre. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh chomh maith naisc Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath leis an bpobal áitiúil a neartú trí dhaltáí a bhfuil cónaí orthu gar d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, nó ar bhealach an bhus chuici, a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa chlár.

## NA TIONSCADAIL IS CÚLÁILTE SA TÍR

Tháinig daoine óga, ó 8 - 17 mbliana d'aois, ó gach áit in Éirinn, go hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath lena dtionscadail chúlailte agus shamhlacha a shárthaispeáint mar chuid de Dhuaiséanna CoderDojo do na Tionscadail is Cúlailte. Bronnadh raon duaiséanna, arna n-urrú ag Intel, tacadóir fadtréimhseach CoderDoj, do na buaiteoirí agus buaiteoirí an dara háite ar fad. Bhí 60 tionscadal faoi thrácht sna Duaiséanna do na Tionscadail is Cúlailte, atá anois sa dara bliain, lena n-áirítear ceithre thionscadal ar líne ó SAM, a rinne daoine óga mar chuid de CoderDojo, an líonra um chlubanna códaithe saor in aisce a thugann oiliúint do na mílte Éireannach óg faoina spraiúla agus a chruthaíthí atá an ríomhchlárú. Leis na duaiséanna tugtar aitheantas do thaobh cruthaitheach an ríomhchláraithe, ag rangú iontrálacha ag baint úsáid as fhachtóir 'cúlailte' mar chritéar measúnaithe. Chomóir comhbhunaitheoir CoderDojo, James Whelton, a 21ú breithlá ag an ócáid agus rinne sé comhghairdeas leis na páistí as a ngnóthachtáil.



# ÉACHTAÍ SPÓIRT



**DEIREADH FÓMHAIR:**

Ainmníodh ceathrar mac léinn de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath san Fhoireann Sháirimreoirí Peile CLG/CIG 2012: Bhain na mic léinn Corpoideachais & Bitheolaíochta Michael Murphy, Paul Flynn agus Aidan Walsh an liosta deiridh amach sna suíomhanna Lántosaigh, Leaththosaigh agus Lár Páirce. Bhí Michael ina chaptaen ar Dhún na nGall i mbliana go dtí a gcéad bhua i gCluiche Ceannais na hÉireann le fiche bliain anuas agus d'fheidhmigh Paul agus Aidan go maith do Bhaile Átha Cliath agus do Chorcaigh faoi seach. Fuair mac léinn MBA Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Paul Durcan, ó Dhún na nGall, duais Sáirimreora do shuíomh an Chúil bháire chomh maith.

**MÍ NA SAMHNA:**

Roghnaíodh iarchéimí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Jamie Heaslip, le bheith ina chaptaen ar fhoireann rugbaí na hÉireann i gcoinne na hAfraice Theas - an chéad am a bhí sé ina chaptaen ar an bhfoireann náisiúnta.

**MÍ NA NOLLAG:**

Bhronn CLG Laighean sparánachtaí scoláireachta ar chúigear mac léinn de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath mar aitheantas ar a dtiomantas do na cluichí Gaelacha a chur chun cinn laistigh den Ollscoil.

Aithíodh Billy Wright (Loch Garman), Alan Coyne (an Iarmhí), Seámus Kelly (Ceatharlach), Joshua Warde (Laois) agus Lauren Farrell (an Longfort) as an obair a dhéanann siad chomh maith ar leibhéal coiste.

Bhí mac léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Davy Byrne, ina chaptaen ar Ballymun Kickhams go dtí a gcéad choróin shinsearach riamh do Pheil Laighean.

**EANÁIR:**

Bhuaigh an tIarchéime de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Fionnuala Britton, teideal 2013 *Great Edinburgh Cross Country*

**FEABHRA:**

Bhuaigh foireann Chamógaíochta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Corn Purceall

**MÁRTA:**

Bhuaigh an mac léinn Eanna Bailey bonn airgid ag an gComórtas Domhanda Nuapheantatlain 2013



D'imir foireann Shinsear na bhFear de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa Pheil a gcéad chluiche riamh i mBabhta Ceannais Príomhroinne Shraithchomóras Pheil na gColáistí agus na nOllscoileanna i gcoinne Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

**LÚNASA:**

Rinneadh ionadaíocht láidir ar son Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar phainéal Bhaile Átha Cliath do Babhta Leathcheannais Sinsear na hÉireann sa Pheil i gcoinne Chiarraí i bPáirc an Chrócaigh. D'imir Jonny Cooper, James McCarthy, Bryan Cullen agus Dean Rock in éineacht le hiarchéimithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Stephen Cluxton, Philly McMahon, Paul Flynn, Bernard Brogan agus Kevin Nolan le háit a bhaint amach i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann.

**MEÁN FÓMHAIR:**

Chomóir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath trí bhua as a chéile i gCluiche Ceannais na hÉireann. Le bua Bhaile Átha Cliath i gCraobhchomórtas Sinsear na hÉireann sa Pheil, bhí iarchéimí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Stephen Cluxton, ar an tríú mac léin nó iarchéimí de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le Corn Mhig Uidhir a ardú mar chaptaen le trí bliana anuas. Anuraidh, bhí mac léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Michael Murphy, ina chaptaen ar Dhún na nGall nuair a bhuaigh siad agus, in 2011, bhí mac léinn eile de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Bryan Cullen, ina chaptaen ar Bhaile Átha Cliath nuair a bhuaigh siadsan.

Chomóir foireann agus mic léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath 'hat trick' don Ollscoil.

Bhí aonar déag mac léinn agus iarchéimithe de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath lárnach i mBabhta Ceannais TG4 na hÉireann do Mhná ag Páirc an Chrócaigh. Ba í mac léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Kate Caulfield, a fuair an chéad áit i mBabhta Ceannais Sinsear na mBan, Uíbh Fhailí i leith Loch Garman. D'imir na mic léinn Sinéad Greene agus Lorraine O'Shea sa Bhabhta Ceannais Idirthréimseach ar son an Chabháin agus Thiobraid Árann faoi seach. Bhí na hiarchéimithe Donna English, Roisin O'Keefe, Clara O'Reilly agus Bronagh Sheridan in éineacht le Sinéad ar fhoireann an Chabháin. I mBabhta Ceannais Sinsear na hÉireann do Mhná, d'imir an mac léinn, Laura McEaney, ar son Mhuineacháin in éineacht le hiarchéimithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Ellen McCarron, Aoife McAnespie agus Ciara McAnespie. Ag cuidiú san fhoireann sa chúlra bhí John Downey, mac léinn de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ball de chuid fhoireann bainistíochta Chorn Sigerson Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.


**IONAD SPÓIRT NA BLIANA**

Bhronn Feabhas Éireann 'Ionad Spóirt na Bliana' ar Spóirt Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhuaigh Spóirt Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcoinne iomaíocht láidir óna lán saoráidí spóirt agus fóillíochta ar fud na tíre, lena n-áirítear an tIonad Náisiúnta Uisce, chun an teideal a bhuaigh sé roimhe in 2009 agus 2010 a fháil ar ais. Leis an ngradam seo déantar spreagadh, tiomantas agus éachtaí fhoireann Spóirt Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath maidir le soláthar saoráidí agus seirbhísí ardchaighdeán a chomóradh.





# FORBHREATHNÚ AR AN OLLSCOIL



## RIALACHAS AGUS CEANNAIREACHT

## ÚDARÁS RIALAITHE OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

## Seansailéir

An Dr Martin McAleese

## Príomhoifigeach

An tOllamh Brian MacCraith, *Uachtarán*

## Oifigigh Shinsearach

An tOllamh Eithne Guilfoyle, *Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla/Cláráitheoir*

An Dr Declan Raftery, *Príomhoifigeach na nOibríochtaí*

## Ollaimh/Ollaimh Chomhlachaithe

An tOllamh Gary Murphy, *Oifig an Leas-Uachtaráin um Thaighde*

An tOllamh Fiona Regan, *na hEolaíochtaí Ceimiceacha*

## Foireann Acadúil Eile

An Dr Caroline McMullan, *Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath*

An Dr Noel Murphy, *an Innealtóireacht Leictreonach*

An Dr Shirley Coyle, *CLARITY*

## Foireann Neamh-Acadúil

An tUasal Paul Smith, *an Stiúrthóir Comhionannais*

An tUasal Phylomena McMorro, *Stiúrthóir na Clárlainne*

## Ionadaithe na Mac Léinn

An tUasal Paul Doherty, *Uachtarán Aontas na Mac Léinn*

An tUasal Aaron Clogher, *Leas-Uachtarán don Oideachas, Aontas na Mac Léinn*  
An tUasal Ciaran O'Connor, *Leas-Uachtarán don Oideachas, Aontas na Mac Léinn (ó Mheitheamh 2013)*

## Fostóirí, Ceardchumainn, srl.

An Dr Regina Moran, *Stiúrthóir Bainistíochta, Fujitsu Ireland*

An tUasal John Tierney, *Bainisteoir*

*Cathrach Bhaile Átha Cliath*

An tUasal Margaret Sweeney, *Comhalta Comhairle, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath*

## Ainmnithe an Aire

An Dr Sean Farren, *Ollscoil Uladh*

An tUasal Mairead Dunne, *Fiontraíocht Éireann*

An tUasal Gary Joyce, *Genesis Ireland*

## Suim Ealaíonta, Chultúrtha

An tUasal Orlaith McBride, *Stiúrthóir na Comhairle*

*Ealaíon*

An Dr Dermot Egan, *Iar-Chathaoirleach, an Ceoláras Náisiúnta*

## Ionadaí Comhairle Alumni

An tUasal James Corcoran, *Comhairleach Airgeadais*

## Ainmní an Údaráis Áitiúil

An Comhairleoir Ciaran Byrne, *Comhairle Contae Fhine Gall*

## Ainmní Iontaobhas Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

An tUasal Pádraig McKeon, *Stiúrthóir Bainistíochta, Drury Communications*

## Comhaontú Nascachta le

Coláiste Phádraig, Dún Conrach

An Dr Daire Keogh, *Uachtarán, Coláiste Phádraig*

An tUasal Paula Melvin, *Oifigeach na Gaeilge, Coláiste Phádraig*

An Dr Ciaran MacMurchaidh, *an Déan Taighde agus Daonnachtaí, Coláiste Phádraig*

An tUasal Thomas McCormack, *Uachtarán, Coláiste Phádraig, Aontas na Mac Léinn*

## Comhaontú Nascachta le hInstitiúid Oideachais Mater Dei

An Dr Dermot Lane, *Uachtarán, Institiúid Oideachais Mater Dei*

## Comhaontú Nascachta le Coláiste na Naomh Uile

An Dr Patrick McDevitt, *Uachtarán, Coláiste na Naomh Uile*

## GRÚPA BAINISTÍOCHTA OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

## Uachtarán

An tOllamh Brian MacCraith

## Leas-Uachtarán

An tUasal Jim Dowling

## Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta

An tOllamh Alan Harvey

## Príomhoifigeach na nOibríochtaí

An Dr Declan Raftery

## Stiúrthóir Airgeadais

An tUasal Ciaran McGivern

## Stiúrthóir na nAcmhainní Daonna

An tUasal Marian Burns

## Déan Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

An Dr Anne Sinnott

## Déan, an Dámh Eolaíochta Sláinte

An tOllamh John Costello

## Déan, an Dámh Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta

An Dr John Doyle

## Déan, an Dámh Innealtóireachta agus Ríomhaireachta

An tOllamh Barry McMullin

## Stiúrthóir Feidhmiúcháin do Ghnóthaí Seachtracha agus Straitéiseacha

An tUasal Ciaran O'Cuinn

Comhalta Údarás Rialaithe	Taifead Tinrimh
An Dr Martin McAleese	7/7
An tOllamh Brian MacCraith	7/7
An Comhairleoir Ciaran Byrne	4/7
An tUasal Aaron Clogher	6/7
An tUasal James Corcoran	1/7
An tUasal Shirley Coyle	7/7
An tUasal Paul Doherty	4/5
An tUasal Mairead Dunne	3/7
an tUasal Dermot Egan	6/7
An tOllamh Sean Farren	5/7
An tOllamh Eithne Guilfoyle	4/6
An tUasal Gary Joyce	4/7
An Dr Daire Keogh	3/5
An Dr Dermot Lane(Éirithe as Nollaig 2012)	2/2
An tUasal Orlaith McBride	3/7
An tUasal Thomas McCormack	1/5
An Dr Patrick McDevitt	4/7
An Dr. Andrew McGrady	5/5
An tUasal Padraig McKeon	7/7
An tUasal Phylomena McMorrow	6/7
An Dr Caroline McMullan	6/7
An tUasal Paula Melvin	1/2
An tUasal Regina Moran	4/7
An tOllamh Gary Murphy	7/7
An tUasal Ciaran MacMurchaidh	5/7
An Dr Noel Murphy	7/7
An tUasal Ciaran O'Connor	2/2
An Dr Declan Raftery	7/7
An tUasal Fiona Regan	6/7
An tUasal Paul Smith	5/7
An tUasal Margaret Sweeney	7/7
An tUasal John Tierney	1/3

## TUARASCÁIL AIRGEADAIS NA

AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

	2013 Euro '000	2012 Euro '000
<b>IONCAM</b>		
Deontais Stáit	25,729	29,397
Táillí na Mac Léinn	57,878	54,759
Ioncam Eile	<u>3,935</u>	<u>4,554</u>
	87,542	88,710
Coláiste Phádraig, Dún Conrach	18,453	17,010
Institiúid Oideachais Mater Dei	2,846	3,180
Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann	-	245
Deontais agus Tionscadail Taighde	<u>42,833</u>	<u>44,045</u>
	64,132	64,480
<b>Ioncam Iomlán</b>	<u>151,674</u>	<u>153,190</u>
<b>CAITEACHAS</b>		
Dámha agus Rannóga Acadúla	51,147	51,924
Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Eile	5,579	5,588
Áitreabh	7,846	7,549
Méid a Leithdháileadh chun Críche Caipitil	1,865	1,596
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí	10,049	9,523
Caiteachas Oideachais Ginearálta	771	555
Seirbhísí do Mhic Léinn	5,075	4,609
Caiteachas Ilghnéitheach	<u>5,207</u>	<u>7,357</u>
	87,539	88,701
Coláiste Phádraig, Dún Conrach	18,453	17,010
Institiúid Oideachais Mater Dei	2,846	3,180
Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann	-	245
Deontais agus Tionscadail Taighde	<u>42,833</u>	<u>44,045</u>
	64,132	64,480
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<u>151,671</u>	<u>153,181</u>
Barrachas ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh na gCúlchistí Caipitil agus Dímhéas Sócmhainní Seasta	3	9
Dímhéas Sócmhainní Seasta	(8,351)	(10,382)
Gluaiseacht sa Chúlchiste Ginearálta	<u>8,351</u>	<u>10,382</u>
Barrachas le haghaidh na bliana	<u>3</u>	<u>9</u>



## CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

	2013 Euro '000	2012 Euro '000
SÓCMHAINNÍ SEASTA	249,587	253,338
INFHEISTÍOCHTAÍ	23,524	23,524
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Airgead tirim ar láimh agus sa bhanc	22,928	16,269
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	30,609	33,304
Stoic	166	166
	53,703	49,739
Lúide: DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhraithe	91,211	84,918
Rótharraingt Bhainc	-	178
	91,211	85,096
GLANDLITEANAIS REATHA	(37,508)	(35,357)
DLITEANAIS FHADTÉARMACHA		
Creidiúnaithe atá dlite i ndiaidh bliana	688	796
	234,915	240,709
IONADAITHE AG:		
Cúlchiste Ginearálta	209,288	215,085
Cúlchiste Teoranta	25,291	25,291
Cúlchiste Ioncaim	336	333
	234,915	240,709

## LÍON NA MAC LÉINN

Dé réir Cineál Cáilíochta			
	Lánaimseartha	Páirtaimseartha	Iomlán
Fochéimithe	7288	450	7738
Iarchéimithe Teagasctha	729	1043	1772
Taighde Iarchéime	544	205	749
Cuairteoirí Neamhdhámhachtana	297	115	412
Iomlán	8858	1813	10,671
Malairt	231		

\*Mic léinn cláraithe le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an 1 Márta, 2013. Ní háirítear ar na figiúirí mic léinn Cianoideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, mic léinn Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann atá cláraithe le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá tuairisc faoi leith déanta ar mhic léinn mhalairte isteach.

De réir Dáimhe			
Dámh	Lánaimseartha	Páirtaimseartha	Iomlán
Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha	2087	613	2700
Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha	281		281
Innealtóireacht agus Ríomhaireacht	1480	175	1655
Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta	1991	473	2465
Eolaíocht agus Sláinte	2947	508	3455
Cuairteoirí Neamhdhámhachtana	72	43	115
Iomlán	8179	1962	10,671

\*Mic léinn cláraithe le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an 1 Márta, 2013. Ní háirítear ar na figiúirí mic léinn Cianoideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Mic Léinn Mhalairte agus mic léinn Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann atá cláraithe le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Mic Léinn Cianoideachais (Oscail)	
	Líon
Iarchéimithe	105
Fochéimithe	814
Iomlán	919

\*Mic léinn cláraithe le Clár Cianoideachais Oscail Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an 1 Márta, 2013.

De réir Inscne				
Inscne	Lánaimseartha	Páirtaimseartha	Oscail	Iomlán
Fireannaigh	4462	970	420	5852
Baineannaigh	4396	843	499	5783
Iomlán	8858	1813	919	11590

\*Mic léinn cláraithe le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an 1 Márta, 2013. Ní áirítear ar na figiúirí mic léinn Mhalairte nó mic léinn Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann atá cláraithe le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

## FORBAIRTÍ AR AN gCAMPAS

### SEIRBHÍS ÚR UM MALARTÚ EOLAIS AN PHOBAIL

Lainseáil Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa Phobal an tseirbhís úr um Malartú Eolais an Phobail. Leis an tionscnamh seo déantar eagraíochtaí pobail agus deonacha a mheaitseáil le taighdeoirí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun imscrúdú a dhéanamh ar ábhair lena mbaineann suim de thábhacht shóisialta agus phobail saor in aisce. D'fhreastail raon eagraíochtaí pobail ar an imeacht lena n-áirítear Sports Across Ireland, Ionad Acmhainní Bhaile Munna do Mhná, Ionad Post Bhaile Munna, Acmhainn Óige Réigiúnach Bhaile Munna, Baile Munna Óg agus CAFTA.

Tacóidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa Phobal le heagraíochtaí pobail lena gcuid ceisteanna a cheapadh amhail ábhair um thaighde ag mic léinn faoi mhaoirseacht acadúil. Cheap an Ollscoil bróicéir um eolas pobail, Brian Trench, chun maoirseoirí féideartha a aithint agus chun idirphlé idir iadsan agus an grúpa seachtrach a éascú.

### GAIRDÍN POBAIL OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Mar chuid de thionscnamh um Champas Glas na hOllscoile i mbliana, lainseáil an tOllamh Brian MacCraith agus Uachtarán Aontas Mac Léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an an tUasal Paul Doherty, Gairdín Pobail Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Láthair oscailte, uileghabhálach is ea an gairdín agus is féidir leis an bhfoireann, na mic léinn agus an pobal úsáid a bhaint as le haghaidh raon leathan cuspóirí - teagasc, taighde, oideachas, oiliúint, rannpháirtíocht an phobail agus, ar ndóigh, fóillíocht. Ag labhairt ag an lainseáil, dúirt an tOllamh MacCraith, "Sonraíonn an tionscnamh pobail seo de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath céim eile inár bhfeachtas i dtreo champas níos inbhuanaithe d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá súil agam go mbronnfar Brat Uaine orainn ón Taisce as. Soláthróidh an gairdín seo timpeallacht agus ardán úr do rannpháirtíocht fheabhsaithe ar fud phobal iomlán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath."

### DEALBH ROSE BOWL NOCHTA

I mí na Samhna, thug Ambasadóir na Céinia, Catherine Muigai Mwangi, cuairt ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath do nochta an dealbha úr 'Rose Bowl' a thug Tionscadal Rose d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Coimisiúnaíodh an 'Rose Bowl' in onóir Rose Atieno, bean 32 bliain d'aois as an gCéinia a mheastar gurb í an 40ú milliún duine le bás a fháil de SEIF. Eagraíocht dhaonnúil Éireannach is ea Tionscadal Rose a bhfuil cláir sláinte nuálacha áitiúla maoinithe as sa Chéinia agus sa Mhaláiv le deich mbliana anuas.



*A hOirirceas Ambasadóir na Céinia, ag nochtheadh Dhealbh an 'Rose Bowl'*

### TÉANN OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH ISTEACH SUAS SA 50 OLLSCOIL ÓG IS FEARR AR DOMHAN

Tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath rangaithe arís i measc an 50 ollscoil is fearr ar domhan i dtábla úr d'ollscoileanna óga an domhain (faoi bhun 50 bliain d'aois). D'ardaigh an t-aon ollscoil ar oileán na hÉireann a bhí ar an tábla, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ón 46ú áit go dtí an 40ú áit i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS ina liostaítear na príomhollscoileanna den chéad ghlúin eile, iad ar fad bunaithe ó bhí 1963 ann.

Déantar ollscoileanna a scóráil ar an gcáil acadúil, ar cháil an fhostóra, an cóimheas dáimhe le mac léinn, foilseacháin in aghaidh an dáimhe, lua in aghaidh an pháipéir, an cion dámh idirnáisiúnta agus mac léinn idirnáisiúnta, mic léinn mhalairte isteach agus mic léinn mhalairte amach.

# SRACFHÉACHAINT AR AN mBLIAIN



## DEIREADH FÓMHAIR

Bronnann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dochtúireacht Oinigh Fealsúnachta ar an mBráthair Colm O'Connell

Is é Cumann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath um Bailiú agus Deonú an chéad fhoireann le hionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag Corn Domhanda ENACTUS

Lainseálann Aontas na Mac Léinn a fheachtas um Sheachtain na Meabharshláinte

## MÍ NA SAMHNA

Lainseálann an Taoiseach, Enda Kenny, T.D., tionscnamh "Ollscoil a Thacaíonn le Daoine Breacaosta" de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Bronnann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dochtúireacht Oinigh Fealsúnachta ar an Dr John E Kelly III, Leas-Uachtarán Sinsearach agus Stiúrthóir Taighde IBM

Lainseáiltear an Lárionad um Néalríomhaireacht ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Síníonn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Meabhrán Tuisceana le hOllscoil Bhéising

GoGreen - GoCar - soláthraítear rogha úr mhalartach um thaisteal glas don fhoireann agus do mhic léinn ar an gcampas

## MÍ NA NOLLAG

Lainseálann Rúnaí Stáit SAM, Hillary Rodham Clinton, Institiúid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath um Réiteach na Coinbhleachta Idirnáisiúnta agus Atógáil

Lainseálann an tArdmhéara Naoise Ó Muirí "Slí na Sláinte" de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, tionscnamh cur chun cinn na sláinte de chuid Fhoras Croí na hÉireann a dearadh chun daoine a spreagadh le dul ag siúl.

## EANÁIR

Lainseáiltear Campas Nuálaíochta na Teicneolaíochta Glaine

Ceaptar an tOllamh Michael Ryan mar Ollamh Emeritus sa Scoil Ríomhaireachta

## FEABHRA

Bronntar Gradaim um Scoláireacht Acadúil ar 92 mac léinn, ó gach áit in Éirinn, a fuair níos mó ná 500 pointe CAO san Ardeistiméireacht nó ina coibhéis

Fógraíodh an Clár Gnólachtaí Nuathionscanta Mac Léinn agus Alumni USTART

Tionóladh Comórtas Oilimpiad Ríomhchláraithe na hÉireann 2013 in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Seachadann an tOllamh Brian MacCraith, an chéad aitheasc i Sraith Léachtaí Seamus Heaney 2013, 'Imagining the Future', ag Coláiste Phádraig, Dún Conrach

Faigheann mac léinn Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Sinéad Foy an chéad Duais LePere ó Chumann Margaíochta na hÉireann

## MÁRTA

Lainseáiltear Gairdín Pobail Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Síníonn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Meabhrán Tuisceana le hOllscoil Shantou, an tSín

Lainseáiltear leabhar an Dr Iain McMenamin 'If Money Talks, What Does It Say? Corruption and Business Financing of Political Parties'.

Tugann an Tríréad Fidelio, ealaíontóirí cónaithe ag Coláiste Phádraig, Dún Conrach. léiriú ag an Helix, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Bronnann Ashoka U ainmniú mar champas athraitheora ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

## AIBREÁN

Síníonn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Meabhrán Tuisceana le hOideachas le Chéile

Fógraíonn FEÉ thart ar €50 milliún de mhaoiniú taighde don Ionad úr INSIGHT d'Anailísíocht Sonraí.

Lainseálann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Mearscéim um Cheadúnais Phaitinní

Lainseálann an tOllamh Michael Cronin, SALIS, leabhar úr- *Translation in the Digital Age*

## BEALTAINÉ

Comóradh 5 bliana de thionscnamh suaitheanta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Clár um Fhoghlaim Idirghlúine

Óstálann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath cruinniú de Disaster Bioethics

Cuireann CLARITY, i gcomhar leis na hamharc-ealaíontóirí Cleary agus Connolly, an taispeántas ealaíne "Look Both Ways" – comhoibriú uathúil ealaíne/eolaíochta - i láthair ag Comhairle na hEorpa sa Bhruiséil.

Buann mic léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Enactus Ireland, an comórtas náisiúnta um fhiontraíocht shóisialta

## MEITHEAMH

Bronnann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dochtúireacht Oinigh Fealsúnachta ar Brian O'Dwyer agus ar John Fitzpatrick

Freastalaíonn an tUachtarán Michael D Higgins ar chomhdháil Idirnáisiúnta na Meán agus Cumarsáide ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Glactar an tOllamh Alan Smeaton in Acadamh Ríoga na hÉireann in onóir an mhéid den scoth atá curtha aige leis an eolaíocht

## IÚIL

Baineann 180 ceannaire amach anseo ó thíortha na hAfraice fo-Shaháraigh cáilíocht le Dioplóma larchéime amach i bhForbairt Ceannaireachta i TFC agus sa tSochaí Eolais

Lainseálann Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an iris úr, "*International Journal of Supply Chain and Operations Resilience*", i gcomhar le hOllscoil Derby, an Ríocht Aontaithe agus an Institiúid Náisiúnta Polaiteicnice, Meicsiceo

Síníonn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Meabhrán Tuisceana le Comhairle na hIndia um Chaidreamh Cultúrtha

Bronntar Scoláireacht Fullbright ar an Dr Claire Gubbins, Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

## LÚNASA

Tá mórchuid d'imreoirí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar phainéal Bhaile Átha Cliath do Babhta Leathcheannais Sinsear na hÉireann sa Pheil i gcoinne Chiarraí

## MEÁN FÓMHAIR

Tugann an Uachtarán Higgins léacht phoiblí, '*Ethics for All*' de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Cuireann DCU@PNU fáilte roimh a chéad ghlacadh mac léinn

Síníonn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath comhaontú um Chomhpháirtíocht Ardoideachais le hOllscoil Stát Arizona

Filleann ranganna '08, '03, '98, '93, '88 agus '83 ar an gcampas le haghaidh Teacht le Cheile Alumni san Helix

Tionóltar searmanas um Dhuaiséanna is Cúlailte CoderDojo in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Téann mic léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath san iomaíocht do Chorn Domhanda Enactus i Meicsiceo.

Tionóltar an chéad Bronnadh Céime Clár Bealaí 3U

Ollscoil Chathair  
Bhaile Átha Cliath

[www.dcu.ie](http://www.dcu.ie)

